2025/1748

19.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1748 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Lúnasa 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2603/2000 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí teireataláite poileitiléine ('TPE') de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia ('an t-imscrúdú bunaidh').

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1645/2005 ([3]), leasaigh an Chomhairle leibhéal na mbeart frithchúitimh atá i bhfeidhm in aghaidh allmhairí TPE ón India. Tháinig na leasuithe de thoradh athbhreithniú brostaithe a tionscnaíodh de bhun Airteagal 20 den bhun-Rialachán.

(3) Tar éis athbhreithniú éaga, d'fhorchuir an Chomhairle, le Rialachán (CE) Uimh. 193/2007 ([4]), dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana.

(4) Leasaíodh na bearta frithchúitimh ina dhiaidh sin le Rialachán (CE) Uimh. 1286/2008 ón gComhairle ([5]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 906/2011 ón gComhairle ([6]), tar éis páirt-athbhreithnithe eatramhacha.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2603/2000 ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh na hIndia, na Malaeisia agus na Téalainne agus lena bhfoirceanntar na himeachtaí frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh na hIndinéise, Phoblacht na Cóiré agus na Téaváine, (IO L 301, 30.11.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2000/2603/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1645/2005 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2005 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2603/2000 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia, (IO L 266, 11.10.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1645/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 193/2007 ón gComhairle an 22 Feabhra 2007 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe (TPE) de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 2026/97, IO L 59, 27.2.2007, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/193/oj.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1286/2008 ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 193/2007 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 192/2007 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia, (IO L 340, 19.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1286/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 906/2011 ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 193/2007 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine de thionscnamh na hIndia, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 192/2007 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia, (IO L 232, 9.9.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/906/oj).

(5) Foirceannadh páirt-athbhreithniú eatramhach ina dhiaidh sin gan leasú a dhéanamh ar na bearta a bhí i bhfeidhm le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 559/2012 ón gComhairle ([7]).

(6) Tar éis athbhreithniú éaga eile, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 461/2013 ([8]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana.

(7) Le Cinneadh 2000/745/CE ([9]), ghlac an Coimisiún le híosphraghas allmhairiúcháin arna thairiscint ag trí tháirgeoir onnmhairiúcháin san India. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/109/AE ([10]), tharraing an Coimisiún siar an glacadh leis na gealltanais, mar gheall ar athrú ar na himthosca faoinar glacadh leis na gealltanais.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1350 ([11]), leasaigh an Chomhairle leibhéal na mbeart frithchúitimh atá i bhfeidhm in aghaidh allmhairí TPE ón India, tar éis dhá pháirt-athbhreithniú eatramhacha.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1468 ([12]), leasaigh an Coimisiún leibhéal na mbeart frithchúitimh a bhí i bhfeidhm tar éis dhá pháirt-athbhreithniú eatramhacha.

(10) Tar éis an tríú hathbhreithniú éaga, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1286 ([13]), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana ('an t-athbhreithniú éaga deireanach').

(11) An 2 Meitheamh 2020, leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1286 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/738 ón gCoimisiún ([14]), lenar athraíodh na dleachtanna frithchúitimh ó na dleachtanna frithchúitimh sonracha go dleachtanna *ad valorem*. Tá na dleachtanna frithchúitimh is infheidhme faoi láthair idir 2,3 % agus 13,8 % i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nó comhoibríocha, agus is é 13,8 % atá i gceist i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin uile eile.

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(12) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([15]) i dtaca leis na bearta frithchúitimh atá i bhfeidhm ar allmhairí TPE de thionscnamh na hIndia ('an tír lena mbaineann'), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán ('an iarraidh ar athbhreithniú').

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 559/2012 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2012 lena bhfoirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach i ndáil leis na bearta frithchúitimh ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia, (IO L 168, 28.6.2012, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/559/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 461/2013 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009, (IO L 137, 23.5.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/461/oj).

([9]) Cinneadh 2000/745/CE ón gCoimisiún an 29 Samhain 2000 lena nglactar le gealltanais arna dtairiscint i dtaca leis na himeachtaí frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia, na hIndinéise, na Malaeisia, Phoblacht na Cóiré, na Téaváine agus na Téalainne, (IO L 301, 30.11.2000, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/745/oj).

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/109/AE ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2014 lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/745/CE lena nglactar le gealltanais arna dtairiscint i dtaca leis na himeachtaí frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia, IO L 59, 28.2.2014, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2014/109/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1350 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2015 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 461/2013 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia, (IO L 208, 5.8.2015, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1350/oj).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1468 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 461/2013 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia, IO L 246, 2.10.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1468/oj).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1286 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 202, 31.7.2019, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1286/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/738 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1286 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia (IO L 175, 4.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/738/oj).

([15]) IO C, C/2023/589, 6.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/589/oj.

(13) Is é PET Europe ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 26 Aibreán 2024 thar ceann thionscal teireataláite poileitiléine ('TPE') an Aontais de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán.

(14) Tá an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den fhóirdheonú agus go ndéanfar an athuair é, agus go ndéanfar díobháil do thionscal an Aontais an athuair.

(15) Sular tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga, agus i gcomhréir le hAirteagail 22(1) agus 10(7) den bhun-Rialachán, thug an Coimisiún fógra do Rialtas na hIndia go raibh iarraidh chuí-dhoiciméadaithe ar athbhreithniú faighte aige agus d'iarr sé ar Rialtas na hIndia comhairliúcháin a dhéanamh leis arbh é ab aidhm dóibh gach dá raibh san iarratas ar athbhreithniú a thabhairt chun soiléire chun go bhféadfaí teacht ar réiteach comhaontaithe.

(16) Reáchtáladh comhairliúcháin le Rialtas na hIndia an 22 Iúil 2024 agus chuir Rialtas na hIndia a thuairimí in iúl don Choimisiún maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Chuir Rialtas na hIndia a thuairimí isteach i scríbhinn freisin an 25 Iúil 2024. Tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga an 26 Iúil 2024.

1.3. **Tionscnamh**

(17) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 25(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, d'fhógair an Coimisiún an 26 Iúil 2024, trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([16]) ('an fógra tionscnaimh') gur tionscnaíodh athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. I bhfianaise Airteagal 18(2) den bhun-Rialachán, d'ullmhaigh an Coimisiún meabhrán maidir le leordhóthanacht na faisnéise ina bhfuil measúnú an Choimisiúin ar an bhfianaise uile atá ar fáil dó agus ar ar a bonn a thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú seo.

(18) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Rialtas na hIndia nach raibh an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ach ar thoimhdí agus dearbhuithe nach dtacaíonn aon fhianaise dhoiciméadach leo agus nach raibh an t-iarratasóir in ann a chruthú go raibh dóchúlacht díobhála ann. Dá bhrí sin, de réir Rialtas na hIndia, níor cheart don Choimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh bunaithe ar iarraidh neamhleor ar athbhreithniú.

(19) Is léir ó chaighdeán dlíthiúil na fianaise is gá le haghaidh iarraidh ar athbhreithniú faoi Airteagal 18(2) den bhun-Rialachán nach gá don iarratasóir a léiriú gur cinnte go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair má théann na bearta in éag. Thairis sin, ní féidir cainníocht agus cáilíocht na faisnéise san iarraidh ar athbhreithniú, de réir sainmhínithe, a bheith mar an gcéanna leis an bhfaisnéis ar ar a mbunaíonn an Coimisiún a thorthaí ag deireadh imscrúdaithe. Ar aon nós, sa chás seo, tháinig as anailís an Choimisiúin ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an toradh go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh ar athbhreithniú lena léirítear gur dócha go leanfar den fhóirdheonú breise agus go ndéanfar an díobháil an athuair má théann na bearta in éag. Dá bhrí sin, diúltaítear do mhaíomh Rialtas na hIndia.

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(20) Leis an imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú nó go ndéanfar an athuair é, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go ndéanfar an díobháil an athuair, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(21) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile rannpháirtiú san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don iarratasóir, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí san Aontas arb eol iad a bheith bainteach agus do na húdaráis san India gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga agus d'iarr sé orthu rannpháirtiú ann.

([16]) IO C, C/2024/4678, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4678/oj .

(22) Iarradh ar na páirtithe leasmhara uile a thuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil laistigh de na teorainneacha ama a leagadh amach san fhógra tionscnaimh. Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara freisin éisteacht ó sheirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin agus/nó ón Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh i scríbhinn.

1.5.1. *Sampláil*

(23) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

1.5.2. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(24) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. I gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó díolachán agus táirgeachta san Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Is é a bhí sa sampla sin dhá tháirgeoir de chuid an Aontais. Is ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais a tháinig breis agus 30 % den táirgeacht iomlán mheasta san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach ach ní bhfuair sé aon bharúil uathu. Dá bhrí sin, deimhníodh an sampla sealadach agus meastar go bhfuil an sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

(25) Tar éis an nochta chinntithigh, chuir Rialtas na hIndia in iúl go raibh imní air go bhféadfadh torthaí neamhionadaíocha a bheith mar thoradh ar spleáchas an Choimisiúin ar shampla an-bheag. Thug Rialtas na hIndia dá aire nár sampláladh ach dhá tháirgeoir de chuid an Aontais, ar sampla é a chumhdaigh níos mó ná 30 % den táirgeacht, rud a chiallaíonn nár fíoraíodh 70 % den tionscal, rud a chaith amhras ar iomláine agus cothroime anailís díobhála an Choimisiúin.

(26) Ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 27(1) den bhun-Rialachán, tá lánrogha ag an gCoimisiún an sampla de tháirgeoirí ón Aontas a choinneáil faoi bhun an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas is féidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse atá ar fáil. Ar an dara dul síos, níor bhraith an Coimisiún ar shonraí tháirgeoirí sampláilte an Aontais ach amháin san anailís ar tháscairí micreacnamaíocha, ach cumhdaíonn na táscairí maicreacnamaíocha a leagtar amach sa Rialachán seo staid thionscal iomlán an Aontais agus ní sonraí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais amháin, rud a chuir maíomh Rialtas na hIndia maidir leis an easpa iomláine agus cothroime in anailís an Choimisiúin ó bhail a thuilleadh.

1.5.3. *Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil*

(27) Chun gurbh fhéidir leis an gCoimisiún a chinneadh an raibh gá le sampláil, agus más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, iarradh ar na hallmhaireoirí/úsáideoirí neamhchomhlachaithe uile a bheith rannpháirteach san imscrúdú seo. Iarradh ar na páirtithe sin iad féin a chur in aithne tríd an bhfaisnéis faoina gcuideachta a iarrtar san Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bhfógra tionscnaimh a thabhairt don Choimisiún. Níor tháinig aon úsáideoir ná allmhaireoir chun tosaigh sa chleachtadh samplála.

1.5.4. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil*

(28) Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, iarradh ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile rannpháirtiú san imscrúdú sin. Iarradh ar na páirtithe sin iad féin a chur in aithne tríd an bhfaisnéis faoina gcuideachtaí a iarrtar i bpointe 5.3.1. den fhógra tionscnaimh a sholáthar don Choimisiún. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na hIndia chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh. Níor sholáthair aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin an fhaisnéis a iarradh.

1.5.5. *Ceistneoirí agus cuairteanna fíorúcháin*

(29) Chun an fhaisnéis a measadh a bheith riachtanach dá imscrúdú a fháil, d'fhoilsigh an Coimisiún na ceistneoirí ar líne le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara agus tháirgeoirí an Aontais agus sheol sé ceistneoir chuig Rialtas na hIndia.

(30) Sholáthair táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, nár onnmhairigh chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, freagra ar an gceistneoir. Sholáthair Rialtas na hIndia freagra ar an gceistneoir freisin.

(31) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheas sé a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú agus den díobháil sin nó go ndéanfar an athuair iad chun leas an Aontais a chinneadh. Tugadh cuairt fíorúcháin freisin ar áitreabh Rialtas na hIndia i nDeilí Nua.

(32) Thairis sin, is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 26 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— Indorama Ventures Poland Sp. z. o.o, an Pholainn;

— UAB 'NEO GROUP', an Liotuáin.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(33) Is ionann an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo agus an táirge san imscrúdú bunaidh, is é sin teireataláit phoileitiléine (TPE) ag a bhfuil uimhir shlaodachta 78 ml/g nó níos airde, agus a thagann faoi chód AC 3907 61 00 faoi láthair agus ar de thionscnamh na hIndia é ('an táirge faoi athbhreithniú').

2.2. An táirge comhchosúil

(34) Measadh go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiciúla agus ceimiceacha céanna, agus na húsáidí bunúsacha céanna, ag an táirge faoi athbhreithniú a tháirgtear san India agus a onnmhairítear chuig an Aontas, agus atá ag an táirge a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas. Dá bhrí sin, measadh gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN FHÓIRDHEONÚ NÓ GO nDÉANFAR AN ATHUAIR É

(35) Ar bhonn na faisnéise atá san iarraidh ar athbhreithniú, chomh maith leis an bhfaisnéis a chuir Rialtas na hIndia agus an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch isteach, rinneadh imscrúdú ar na scéimeanna seo a leanas, a líomhnaítear go bhfuil deonú fóirdheontas i gceist leo:

Scéimeanna a imscrúdaíodh agus a deimhníodh i dtosach le linn an athbhreithnithe éaga deiridh

Ioncam rialtais atá ligthe thar ceal nó nár bailíodh agus atá dlite ar bhealach eile ([17])

(a) An Scéim um Réamhúdarú (AAS)

(b) An Scéim Aisíoca Dleachtanna ('DDS')

(c) An Scéim um Onnmhairiú Earraí Caipitiúla a Chur Chun Cinn ('EPCGS')

(d) Scéim Díolúine ó Dhleacht Leictreachais de chuid Gujarat ('GEDES')

Scéimeanna breise a líomhnaítear san iarraidh ar athbhreithniú

Ioncam rialtais atá ligthe thar ceal nó nár bailíodh agus atá dlite ar bhealach eile ([18])

(e) An Scéim um Loghadh Dleachtanna agus Cánacha ar Tháirgí Onnmhairithe ('RoDTEP')

(f) An Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht;

([17]) Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán Frith-Fhóirdheontais.
([18]) Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán Frith-Fhóirdheontais.

Aistriú díreach cistí ([19])

(g) Scéim Comhionannaithe Úis

3.1. **Scéimeanna a imscrúdaíodh agus a deimhníodh i dtosach san athbhreithniú éaga deiridh**

(36) De bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhfuil fianaise ann go bhfuiltear ag leanúint d'fhóirdheonú, gan beann ar a mhéid. I bhfianaise na dtorthaí go bhfuil fóirdheonú leanúnach ann i ndáil le formhór na bpríomh-fhóirdheontas a frithchúitíodh san imscrúdú bunaidh, níor ghá aon imscrúdú a dhéanamh ar na fóirdheontais uile eile a líomhain an gearánach iad a bheith ann.

(37) Na fóirdheontais a shonraítear in aithris (35) thuas, agus a frithchúitíodh san am a chuaigh thart, tá siad bunaithe ar na doiciméid bheartais agus ar an reachtaíocht seo a leanas.

(38) Tá na scéimeanna AAS agus EPCGS bunaithe ar an Acht um Thrádáil Eachtrach (Forbairt agus Rialáil) 1992 (Uimh. 22 de 1992) a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 1992 ('An tAcht um Thrádáil Eachtrach'). Údaraíonn an tAcht Trádála Eachtraí do Rialtas na hIndia fógraí a eisiúint maidir leis an mbeartas onnmhairithe agus allmhairithe. Déantar achoimre orthu sin i ndoiciméid 'Beartas Trádála Coigríche', a eisíonn an Aireacht Tráchtála gach 5 bliana agus a nuashonraítear go tráthrialta ([20]).

(39) Is é Beartas Trádála Eachtraí (FTP 2023) an doiciméad maidir le Beartas Trádála Eachtraí atá ábhartha do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2023. Leagann Rialtas na hIndia amach na nósanna imeachta lena rialaítear an Beartas Trádála Eachtraí i Lámhleabhar Nósanna Imeachta ([21]) ('HOP') 2023 freisin. Tháinig na nósanna imeachta sin i bhfeidhm an 1 Aibreán 2023.

(40) Tá AAS agus EPCGS bunaithe ar FTP 2023 chomh maith le HOP 2023.

(41) Tá an scéim DDS bunaithe ar alt 75 d'Acht Custaim 1962, ar alt 37 d'Acht Máil Lárnach 1944, ar ailt 93A agus 94 d'Acht Airgeadais 1994, agus ar na Rialacha maidir le Custam, Dleachtanna Máil Láir agus Aisíoc Cánach Seirbhíse 1995. Foilsítear na rátaí aisíocaíochta go tráthrialta.

(42) Tá scéim GEDES bunaithe ar an Acht um Dhleacht Leictreachais Gujarat, 1958 ('an tAcht Leictreachais') faoi Roinn 3(2) (vii) agus (viii) arna leasú ó am go ham in Iris Rialtas Gujarat.

(43) Dheimhnigh táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin go bhfuair sé lamháltais faoi scéimeanna AAS agus DDS le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, ós rud é nár onnmhairigh sé chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe sin, níor cainníochtaíodh na tairbhí.

([19]) Airteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán Frith-Fhóirdheontais.
([20]) https://www.dgft.gov.in/CP/?opt=ft-policy.
([21]) https://www.dgft.gov.in/CP/?opt=ft-procedures.

3.2. **An Scéim um Réamhúdarú (AAS)**

(44) Dheimhnigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch go bhfuarthas lamháltais faoi AAS le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(45) Rinneadh an scéim sin a fhrithchúiteamh i roinnt imeachtaí dleachta frithchúitimh i ndáil leis an India, lena n-áirítear in aithrisí (28) go (55) den rialachán maidir le córais leictreoidí graifíte ([22]), in aithrisí (126) go (153) den rialachán maidir le táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ([23]), in aithrisí (39) go (61) den rialachán maidir leis an athbhreithniú éaga deireanach ([24]) agus in aithrisí (40) go (60) den rialachán maidir le barraí agus slata cruach dosmálta ([25]).

3.2.1. *Bunús Dlí*

(46) Tá an tuairisc mhionsonraithe ar an scéim le fáil i gcaibidlí 4.03 go 4.23 de FTP 2023 agus i gcaibidlí 4.04 go 4.51 de HOP 2023.

3.2.2. *Incháilitheacht*

(47) De bhun mhír 4.05 de FTP 2023, is féidir ceadúnais réamhúdaraithe a eisiúint do mhonaróirí-onnmhaireoirí nó d'onnmhaireoirí-ceannaithe atá faoi cheangal le monaróirí tacaíochta.

(48) Is féidir ceadúnais réamhúdaraithe a eisiúint i gcás onnmhairí fisiciúla, i gcás soláthairtí idirmheánacha, chun earraí áirithe a sholáthar agus i gcás onnmhairí measta.

3.2.3. *Cur chun feidhme praiticiúil*

(49) Ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar cheadúnas lena gceadófaí ionchuir saor ó dhleacht a allmhairiú agus i gcás nár cheart méid na n-allmhairí sin a bheith níos mó ná méid na n-ionchur chun táirgí onnmhairithe a mhonarú.

(50) Is féidir an AAS a eisiúint le haghaidh:

(51) Onnmhairí fisiciúla: Is é sin an fhoscéim is mó. Ceadaítear leis sin ábhair ionchuir a allmhairiú saor ó dhleacht chun an táirge onnmhairiúcháin sonrach a thiocfaidh as a tháirgeadh. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn 'fisiciúil' go gcaithfidh an táirge onnmhairithe críoch na hIndia a fhágáil. Sa cheadúnas sonraítear liúntas allmhairiúcháin agus oibleagáid onnmhairiúcháin, lena n-áirítear cineál an táirge onnmhairiúcháin;

(52) Ceanglas bliantúil: Níl údarú den chineál sin nasctha le táirge onnmhairiúcháin ar leith, ach le grúpa táirgí níos leithne (e.g. táirgí ceimiceacha agus táirgí gaolmhara). Féadfaidh sealbhóir an cheadúnais – suas le tairseach luacha áirithe a socraíodh lena fheidhmíocht onnmhairiúcháin san am a chuaigh thart – aon ionchur saor ó dhleacht ar allmhairí a bheidh le húsáid chun aon cheann de na hítimí a thagann faoi ghrúpa táirgí den sórt sin a mhonarú. Féadfaidh sé rogha a dhéanamh aon táirge a thiocfaidh as agus a thagann faoi chuimsiú an ghrúpa táirgí a onnmhairiú agus ábhar den sórt sin atá díolmhaithe ó dhleacht á úsáid;

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1103 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 147, 7.6.2023, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1103/oj).

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/433 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, IO L 88, 16.3.2022, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/433/oj.

([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1286.

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1141 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí barraí agus slat cruach dosmálta áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 165, 28.6.2017, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1141/oj).

(53) Soláthairtí idirmheánacha: Cumhdaítear leis an bhfoscéim sin cásanna ina bhfuil sé beartaithe ag dhá mhonaróir táirge onnmhairiúcháin amháin a tháirgeadh agus an próiseas táirgthe a roinnt. Féadfaidh an monaróir-onnmhaireoir a tháirgeann an táirge idirmheánach ábhair ionchuir saor ó dhleacht a allmhairiú agus is féidir leis AAS a fháil chun na críche sin le haghaidh soláthairtí idirmheánacha. Tugann an t-onnmhaireoir deiridh an táirgeadh chun críche agus tá sé d'oibleagáid air an táirge críochnaithe a onnmhairiú;

(54) Onnmhairí measta: Leis an bhfoscéim seo, ceadaítear don phríomhchonraitheoir ionchuir a allmhairiú saor ó dhleacht, ar ionchuir iad a cheanglaítear le linn earraí a mhonarú atá le díol mar 'onnmhairí measta'. De réir Rialtas na hIndia, tagraíonn onnmhairí measta do na hidirbhearta sin nach bhfágann na hearraí a soláthraíodh an tír lena linn. Meastar roinnt catagóirí soláthair a bheith ina n-onnmhairí measta ar choinníoll go monaraítear na hearraí san India, e.g. soláthar earraí d'aonad atá dírithe ar onnmhairí nó do chuideachta atá suite i gcrios eacnamaíoch speisialta;

(55) An Réamhordú um Scaoileadh: An sealbhóir AAS a bhfuil sé beartaithe aige na hionchuir a fhoinsiú ó fhoinsí intíre, in ionad allmhairiú díreach, tá sé de rogha aige iad a fhoinsiú in aghaidh réamhorduithe um scaoileadh. I gcásanna den sórt sin, déantar na Réamhúdaruithe a bhailíochtú mar Réamhorduithe um scaoileadh agus formhuinítear iad don soláthraí intíre ar sheachadadh na n-ítimí atá sonraithe iontu. Le formhuiniú an Réamhordú um Scaoileadh, tá an soláthraí intíre i dteideal na dtairbhí a bhaineann le honnmhairí measta mar a leagtar amach i mír 7.03 de FTP 2023 (i.e. AAS i gcás soláthairtí idirmheánacha/onnmhairiú measta, aisíoc onnmhairí measta agus aisíoc na dleachta máil deiridh). Leis an sásra Réamhordú um Scaoileadh, aisíoctar cánacha agus dleachtanna leis an soláthraí in ionad iad a aisíoc leis an onnmhaireoir deiridh i bhfoirm aisíoca/aisíocaíocht dleachtanna. Tá aisíocaíocht cánacha/dleachtanna ar fáil i gcás ionchuir intíre agus i gcás ionchuir allmhairithe araon;

(56) An litir chreidmheasa intíre chomhuaineach: Cumhdaítear arís leis an bhfoscéim seo soláthairtí intíre do shealbhóir Réamhúdaraithe. Is féidir le sealbhóir Réamhúdaraithe dul i dteagmháil le banc chun litir chreidmheasa intíre a oscailt i bhfabhar soláthraí intíre. Ní dhéanfaidh an banc an t-údarú a bhailíochtú le haghaidh allmhairiú díreach ach amháin i ndáil le luach agus méid na n-ítimí a fhoinsítear go hintíre seachas trí allmhairiú. Beidh an soláthraí intíre i dteideal sochair onnmhairí measta mar a leagtar amach i mír 7.03 de FTP 2023 (i.e. AAS i gcás soláthairtí idirmheánacha/onnmhairiú measta, aisíoc onnmhairí measta agus aisíocaíocht na dleachta máil deiridh).

(57) Chun críocha fíoraithe ag údaráis na hIndia, tá sé d'oibleagáid de réir an dlí ar shealbhóir réamhúdaraithe 'cuntas fíor cuí tomhaltais agus úsáid earraí saor ó dhleacht agus earraí a fhaightear ar bhonn intíre' a choinneáil i bhformáid shonraithe (caibidil 4.51 agus Aguisín 4H HOP 2023), i.e. clár tomhaltais iarbhír. Ní mór do chuntasóir/cuntasóir costas agus oibreacha cairte seachtrach an clár seo a dheimhniú agus deimhniú a eisiúint ina luaitear gur scrúdaíodh na cláir fhorordaithe agus na taifid ábhartha agus go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil faoi Aguisín 4H fíor agus ceart ar gach slí.

(58) Déanann Rialtas na hIndia onnmhairí fisiciúla, an liúntas allmhairiúcháin agus an oibleagáid onnmhairiúcháin a shocrú de réir méid agus luacha agus déantar iad a dhoiciméadú ar an Údarú. Tráth an allmhairithe agus an onnmhairithe, tá na hidirbhearta comhfhreagracha le doiciméadú ag oifigigh Rialtais ar an Údarú. Is é Rialtas na hIndia a chinneann méid na n-allmhairí atá ceadaithe faoin AAS ar bhonn Noirm Chaighdeánacha maidir le hIonchuir agus Aschuir atá ann d'fhormhór na dtáirgí lena n-áirítear an táirge atá faoi athbhreithniú. Leag Rialtas na hIndia síos an Norm Caighdeánach maidir le hIonchuir agus Aschuir is infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú in 1998, agus rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí air in 2011, Fógra Poiblí Uimh. 28/(RE2010)/2009-2014, dar dáta an 11 Feabhra 2011.

(59) Sonraítear an liúntas allmhairiúcháin agus an oibleagáid onnmhairiúcháin i gceadúnais AAS. Níl na hábhair ionchuir a allmhairítear inaistrithe agus ní mór iad a úsáid chun an táirge onnmhairiúcháin a thiocfaidh as a tháirgeadh. Bíonn 12 mhí ag sealbhóirí ceadúnais chun na hionchuir a allmhairiú agus 18 mí acu chun na táirgí monaraithe a onnmhairiú. Féadfaidh Rialtas na hIndia síntí leis na sprioc-amanna sin a dheonú arna iarraidh sin don sealbhóir ceadúnais.

(60) San athbhreithniú seo, rinne an Coimisiún imscrúdú an bhfuil córas fíorúcháin éifeachtach nó nós imeachta éifeachtach i bhfeidhm ag Rialtas na hIndia agus á chur i bhfeidhm aige chun a dheimhniú cé na hionchuir a ídíodh i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe agus cén méid ionchuir a ídíodh.

(61) A mhéid a bhaineann le 'cuntas ar ídiú agus úsáid earraí saor ó dhleacht a allmhairítear/a fhaightear ar bhonn intíre', a bhfuil sé d'oibleagáid de réir dlí ar shealbhóir cheadúnas AAS é a choinneáil ar bun de réir Fhoscríbhinn 4H (féach aithris (57) thuas), chinn an Coimisiún maidir leis an bhformáid fhorordaithe chun ídiú agus úsáid earraí saor ó dhleacht a allmhairítear nó a fhaightear ar bhonn intíre a thuairisciú, nár ceapadh an fhormáid sin chun ionchorprú fisiciúil na n-ionchur sin i dtáirgí onnmhairithe a fhíorú.

(62) Rinne Rialtas na hIndia foráil gur féidir leis na húdaráis chustaim iniúchadh a dhéanamh ar na honnmhaireoirí chun an fhaisnéis a sholáthraítear i bhFoscríbhinn 4H a fhíorú mar a fhoráiltear leis na Rialacháin maidir le hIniúchóireacht Chustaim ([26]). Mar sin féin, níor luadh sna rialacháin ach go mbeidh roghnú iniúchaí 'bunaithe go príomha ar mheastóireacht riosca trí chritéir iomchuí roghnaíochta' agus níor sonraíodh iontu cé na doiciméid ba cheart a iarraidh le linn iniúchta ná an chaoi ar cheart measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chun an t-iniúchadh a thabhairt i gcrích go rathúil. Níor sholáthair Rialtas na hIndia mionsonraí na gcritéar meastóireachta riosca.

(63) Thairis sin, sholáthair Rialtas na hIndia tuarascáil fíorúcháin shamplach i gcás táirge murab ionann agus TPE, a bhain le fíorú fisiciúil ar ídiú na n-ionchur faoi AAS. Mar sin féin, de réir na tuarascála sin, ní raibh rianú córasach á dhéanamh ag an táirgeoir onnmhairiúcháin ar ionchorprú fisiciúil na n-allmhairí iarbhír sna hearraí onnmhairithe. Níor luadh sa tuarascáil fíorúcháin shamplach aon chóras rianaithe córasach, amhail na córais sin lena dtagraítear do bhaiscuimhreacha nó do chóid luchtóige a shanntar d'amhábhair allmhairithe, lena n-áiritheofaí go dtaifeadtar na cóid sin ag gach céim den táirgeadh go dtí go n-onnmhairítear an táirge deiridh. Níor luadh ach oiread sa tuarascáil gur cuireadh Córas Pleanála Acmhainní Fiontraíochta nó uirlis rianaithe dhigiteach eile chun feidhme a logálann ionchuir allmhairithe a fhaightear agus a shannann iad do sraitheanna táirgeachta sonracha as a n-eascraíonn earraí onnmhairithe. Ina theannta sin, ní raibh aon tagairt inti do shraithuimhreacha nó do bharrachóid a shannadh do chomhpháirteanna allmhairithe agus iad a scanadh i gcaitheamh an phróisis táirgthe chun a n-úsáid i dtáirgí deiridh, a onnmhairítear ina dhiaidh sin, a rianú. Thairis sin, mar a luadh cheana, rinneadh tagairt sa tuarascáil fíorúcháin shamplach do tháirge eile murab ionann agus TPE; dá bhrí sin ní bhfuair an Coimisiún aon dearbhú ná fianaise thacaíochta gur ndearna na táirgeoirí onnmhairiúcháin TPE rianú córasach ar ionchorprú fisiciúil na n-allmhairí iarbhír sna hearraí onnmhairithe.

(64) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún nach raibh córas fíorúcháin iontaofa ag Rialtas na hIndia chun a dheimhniú cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh ionchuir allmhairithe i dtáirgeadh TPE onnmhairithe, agus a mhéid a úsáideadh na hionchuir sin.

3.2.4. *Ranníocaíocht agus tairbhe airgeadais*

(65) Mar a fhoráiltear in aithris (43), ní raibh aon fhaisnéis chuideachta-shonrach ag an gCoimisiún ar a bhféadfaí méid an fhóirdheontais a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh. In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur lean Rialtas na hIndia d'fhóirdheontais a sholáthar de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is ranníocaíocht airgeadais ó Rialtas na hIndia í an díolúine ó dhleachtanna ar allmhairí faoin scéim sin, ós rud é go ligtear ioncam ó dhleacht thar ceal leis an díolúine, ar ioncam é a bheadh dlite murach sin agus go dtugtar tairbhe do na honnmhaireoirí a ndearnadh imscrúdú orthu toisc go gcuirtear feabhas ar a leachtacht dá bharr. Is é méid an fhóirdheontais méid na dleachta a bheadh iníoctha ag an gcuideachta is faighteoir ag an ráta dleachta caighdeánach is infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.5. *Sainiúlacht*

(66) Tá AAS ag brath sa dlí ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin, agus dá bhrí sin meastar é a bheith sonrach agus in-fhrithchúitithe faoi Airteagal 4(4), an chéad fhomhír, pointe (a) den bhun-Rialachán. Gan gealltanas onnmhairiúcháin, ní féidir le cuideachta sochair a fháil faoin scéim seo.

3.2.6. *Conclúid maidir le AAS*

(67) I gcomhréir le himscrúduithe roimhe seo a leagtar amach in aithris (45) agus i bhfianaise na dtorthaí sna ranna roimhe seo, ní féidir AAS a mheas mar chóras aisíoca incheadaithe ná mar chóras aisíocaíochta na n-ionaduithe sa chás atá idir lámha de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Iarscríbhinní II agus III den bhun-Rialachán. Níl sé i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I ítim (i), in Iarscríbhinn II (sainmhíniú agus rialacha maidir le haisíocaíocht) agus in Iarscríbhinn III (sainmhíniú agus rialacha maidir le haisíoc ionadaíochta) den bhun-Rialachán. Níor chuir Rialtas na hIndia córas fíorúcháin iontaofa i bhfeidhm chun a dheimhniú cé acu a ídíodh nó nár ídíodh ionchuir i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe agus, an méid a ídíodh an t-ionchur sin, i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe (Iarscríbhinn II(4) den bhun-Rialachán agus, i gcás scéimeanna aisíoca ionadaíochta, Iarscríbhinn III(II)(2) den bhun-Rialachán).

([26]) Fógra Uimh. 45/2018-Custam (N.T.) dar dáta an 24 Bealtaine, 2018.

(68) Cé nárbh fhéidir méid an fhóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a shuí de dheasca na heaspa onnmhairí chuig an Aontas ón táirgeoir comhoibríoch, ar bhonn na dtorthaí dá dtagraítear in aithrisí (49) - (66), agus de cheal aon rud a léireodh a mhalairt, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid gur leanadh de tháirgeoirí TPE de chuid na hIndia a fhóirdheonú. Dá réir sin, ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil fianaise leordhóthanach ann a léiríonn gur leanadh den Scéim Réamhúdaraithe mar fhóirdheontas in-fhrithchúitithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.7. *Barúlacha a fuarthas*

(69) Tar éis an nochta chinntithigh, chuir Rialtas na hIndia in aghaidh chonclúid an Choimisiúin nach raibh córas fíorúcháin ag an AAS. Le linn an phróisis fíorúcháin, chuir Rialtas na hIndia samplaí iomadúla isteach d'fhoirmeacha 4H faoi AAS le haghaidh táirgeoirí TPE, chomh maith le tuarascáil iniúchóireachta le haghaidh táirge seachas TPE. Léiríonn na haighneachtaí sin, i dtuairim Rialtas na hIndia, go ndearna an Coimisiún earráid ina mheasúnú agus gur cheart dó teacht ar an gconclúid nach bhfuil an AAS in-fhrithchúitithe.

(70) Thairis sin, mhaígh Rialtas na hIndia nach raibh tacaíocht fhianaiseach i dtorthaí an Choimisiúin, toisc nár cainníochtaíodh aon tairbhe inbhraite d'onnmhairí TPE chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is é tuairim Rialtas na hIndia, gan cainníochtú den sórt sin, gur dochosanta spleáchas an Choimisiúin ar an méid sin mar údar le leanúint de bhearta frith-fhóirdheontais.

(71) Thug an Coimisiún dá aire in aithris (61) maidir leis an bhformáid fhorordaithe chun ídiú agus úsáid earraí a allmhairítear saor ó dhleacht nó a fhaightear ar bhonn intíre a thuairisciú, nár ceapadh an fhormáid sin chun ionchorprú fisiciúil na n-ionchur sin i dtáirgí onnmhairithe a fhíorú. Maidir leis an tuarascáil iniúchóireachta a chuir Rialtas na hIndia ar fáil mar shampla le haghaidh táirge seachas TPE, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (63) nár luaigh sé aon chóras rianaithe córasach a chuir an t-onnmhaireoir i bhfeidhm agus nár thagair sé do TPE, cé gur iarradh go sonrach ar Rialtas na hIndia fianaise den sórt sin a sholáthar le haghaidh TPE.

(72) Maidir leis an tairbhe inchainníochtaithe, thug an Coimisiún dá aire cheana féin in aithris (65) nach gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú in athbhreithniú éaga, ach nach gá ach an méid leanúnach a chainníochtú. In éagmais córas físoraithe iontaofa a bheith i bhfeidhm chun a dheimhniú cé acu a ídíodh ionchuir i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó nár ídíodh, agus cé na méideanna díobh, is féidir teacht ar an gconclúid go réasúnta, mar a tharla i gcomhthéacs an imscrúdaithe roimhe seo, go bhfuil an fóirdheonú fós á dhéanamh. Níor sholáthair barúlacha Rialtas na hIndia maidir le AAS aon fhianaise nua maidir leis na maímh sin, agus dá bhrí sin diúltaíodh do na maímh.

3.3. **Scéim Aisíoca Dleachtanna ('DDS')**

(73) Dheimhnigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch go bhfuair sé lamháltais faoi DDS le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(74) Rinneadh an scéim sin a fhrithchúiteamh cheana féin i roinnt imeachtaí dleachta frithchúitimh i ndáil leis an India, lena n-áirítear in aithrisí (92) go (116) den rialachán maidir le córais leictreoidí graifíte ([27]), in aithrisí (154) go (173) den rialachán maidir le táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ([28]), in aithrisí (103) go (132) den rialachán maidir le hiarann teilgthe graifíte sféaróidí ([29]), in aithrisí (39) go (61) den rialachán maidir leis an athbhreithniú éaga deireanach ([30]) agus in aithrisí (61) go (76) den rialachán maidir le barraí agus slata cruach dosmálta ([31]).

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1103 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 147, 7.6.2023, lch. 27.

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/433 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, IO L 88, 16.3.2022, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/433/oj.

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/927 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 161, 16.6.2022, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/927/oj).

([30]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1286 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 202, 31.7.2019, lch. 81.

([31]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1141 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí barraí agus slat cruach dosmálta áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 165, 28.6.2017, lch. 2.

3.3.1. *Bunús Dlí*

(75) Tá an scéim DDS bunaithe ar alt 75 d'Acht Custaim 1962, ar alt 37 d'Acht Máil Lárnach 1944, ar ailt 93A agus 94 d'Acht Airgeadais 1994, agus ar na Rialacha maidir le Custam, Dleachtanna Máil Láir agus Aisíoc Cánach Seirbhíse 1995. Foilsítear na rátaí aisíocaíochta go tráthrialta.

(76) Ba iad na *Custom and Central Excise Duties Drawback Rules* 1995 [Rialacha maidir le hAisíoc Dleachtanna Custaim agus Máil Láir 1995] ([32]) ('Rialacha DDS 1995'), arna leasú in 2006, an bunús dlí ab infheidhme le linn an imscrúdaithe bunaidh. Cuireadh *Custom and Central Excise Duties Drawback Rules,* 2017 [Rialacha maidir le hAisíoc Dleachtanna Custaim agus Máil Láir 2017] ('Rialacha DDS 2017'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017 ([33]), in ionad Rialacha DDS 1995, agus is iad sin ab infheidhme le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Le Riail 3(2) de Rialacha DDS 1995 rialaíodh modh ríofa na scéime aisíoca dleachta seo. Le Riail 12(1)(a)(ii) de na Rialacha DDS thuasluaite rialaíodh an Dearbhú nach mór do na táirgeoirí onnmhairiúcháin a chomhdú chun tairbhiú den scéim. Tá na forálacha sin fós comhionann go substaintiúil i Rialacha DDS 2017 is infheidhme faoi láthair agus comhfhreagraíonn siad do Riail 3(2) agus do Riail 13(1)(a)(ii) faoi seach. Ina theannta sin, tá treoracha sonracha i gCiorclán Uimh. 24/2001 maidir le cur chun feidhme Riail 3(2) agus an Dearbhú nach mór d'onnmhaireoirí a thabhairt ar aird faoi Riail 12(1)(a)(ii) ([34]).

(77) Sonraítear i Riail 4 de Rialacha DDS 1995 go bhféadfaidh an Rialtas Lárnach athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid nó ar rátaí arna gcinneadh faoi riail 3(2). Tá roinnt modhnuithe den sórt sin déanta ag an Rialtas. Le Fógra Uimh. 07/2020-CUSTOMS (N.T.) an 28 Eanáir 2020 ([35]), rinneadh athbhreithniú ar an ráta ab infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcás táirge faoi athbhreithniú go 1,3 % de luach Saor ar Bord (SAB) na dtáirgí onnmhairithe, ab infheidhme go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2023. Le Fógra Uimh. 77/2023 an 30 Deireadh Fómhair 2023 ([36]), rinneadh athbhreithniú ar an ráta go 1,2 %.

3.3.2. *Incháilitheacht*

(78) Tá aon mhonaróir-onnmhaireoir nó aon cheannaí-onnmhaireoir incháilithe don scéim seo.

3.3.3. *Cur chun feidhme praiticiúil*

(79) Faoin scéim seo, tá aon chuideachta a onnmhairíonn táirgí incháilithe i dteideal méid a chomhfhreagraíonn do chéatadán de luach dearbhaithe SAB an táirge onnmhairithe a fháil. De réir Riail 3(2) de na Rialacha maidir le hAisíoc Dleachtanna Custaim agus Máil Láir, bunaíonn Rialtas na hIndia an méid in-aisíoctha ar mheánluachanna uile-thionscail na ndleachtanna custaim ábhartha a íoctar ar amhábhair allmhairithe agus ar mheánchóimheas tomhaltais tionscail a bailíodh ó na monaróirí a mheasann Rialtas na hIndia a bheith ionadaíoch maidir leis na táirgí onnmhairiúcháin incháilithe. Ansin, déanann Rialtas na hIndia an méid atá le haisíoc a shloinneadh mar chéatadán de mheánluach onnmhairiúcháin na dtáirgí onnmhairithe incháilithe.

(80) Le bheith incháilithe chun tairbhiú den scéim seo, ní mór do chuideachta onnmhairiú a dhéanamh. Faoi láthair, nuair a chuirtear sonraí lastais isteach ar an bhfreastalaí Custaim (ICEGATE), tugtar le fios go bhfuil an t-onnmhairiú ag tarlú faoin DDS agus go bhfuil an méid DDS socraithe go neamh-inchúlghairthe. Tar éis don chuideachta loingseoireachta an Fardal Ginearálta Onnmhairiúcháin a chomhdú agus don oifig chustaim an doiciméad sin a chur i gcomparáid go sásúil le sonraí na mbillí loingseoireachta, comhlíontar na coinníollacha uile chun íoc an aisíoca a údarú trí íocaíocht dhíreach ar chuntas bainc an onnmhaireora nó trí dhréacht.

(81) Ní mór don onnmhaireoir fianaise a sholáthar freisin maidir le fáltais onnmhairiúcháin a réadú trí Dheimhniú um Fhíorú Bainc ('BRC'). Is féidir an doiciméad sin a sholáthar tar éis méid na haisíocaíochta a íoc ach aisghabhfaidh Rialtas na hIndia an méid a íocadh más rud é nach gcuireann an t-onnmhaireoir an BRC isteach laistigh de spriocdháta áirithe.

([32]) https://indiankanoon.org/doc/58643989/ (nó aighneacht t24.007820 ó Rialtas na hIndia an 14/09/2024).
([33]) https://taxguru.in/custom-duty/customs-central-excise-duties-drawback-rules-2017-882017-customs-tariff-2.html (nó aighneacht t24.007820 ó Rialtas na hIndia an 14/09/2024).
([34]) https://taxinformation.cbic.gov.in/view-pdf/1001268/ENG/Circulars (nó aighneacht t24.007820 ó Rialtas na hIndia an 14/09/2024).
([35]) https://taxinformation.cbic.gov.in/view-pdf/1000233/ENG/Notifications (nó aighneacht t24.010097 ó Rialtas na hIndia an 14/11/2024, lch. 48).
([36]) Aighneacht t25.001630 ó Rialtas na hIndia an 31/01/2025.

(82) Is féidir méid na haisíocaíochta a úsáid chun aon chríche agus, i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta na hIndia, is féidir an méid a ríomh ar bhonn fabhraithe mar ioncam sna cuntais tráchtála, ar an oibleagáid onnmhairiúcháin a chomhlíonadh.

(83) Sonraítear sa reachtaíocht agus sna treoracha riaracháin ábhartha nár cheart go n-éileodh riarachán custaim na hIndia aon fhianaise nach mór don onnmhaireoir a iarrann an aisíocaíocht dleachta a bheith tabhaithe nó go dtabhóidh sé dliteanas dleachta custaim i leith allmhairí na n-amhábhar is gá chun an táirge onnmhairithe a mhonarú. Ina theannta sin, níl aon chóras ná nós imeachta i bhfeidhm lena dheimhniú cén t-ionchur a ídítear i dtáirgeadh na dtáirgí onnmhairithe agus cad iad na méideanna. Ina theannta sin, ní dhearna Rialtas na hIndia scrúdú breise ar bhonn na n-ionchur iarbhír a bhí i gceist.

3.3.4. *Ranníocaíocht agus tairbhe airgeadais*

(84) Mar a fhoráiltear in aithris (43), ní raibh aon fhaisnéis chuideachta-shonrach ag an gCoimisiún ar a bhféadfaí méid an fhóirdheontais a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh. In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur lean Rialtas na hIndia d'fhóirdheontais a sholáthar de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is ranníocaíocht airgeadais ó Rialtas na hIndia é an aisíoc dleachta toisc go bhfuil sé i bhfoirm aistriú díreach cistí ag Rialtas na hIndia. Níl aon srianta ann maidir le húsáid na gcistí sin. Ina theannta sin, tugann méid na haisíocaíochta dleachta tairbhe don onnmhaireoir, toisc go gcuireann sé feabhas ar leachtacht an onnmhaireora. Is é méid an fhóirdheontais méid na haisíocaíochta dleachta a bheadh iníoctha ag an gcuideachta is faighteoir ag an ráta dleachta caighdeánach is infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.3.5. *Sainiúlacht*

(85) Dá bharr sin, an íocaíocht ar aistriú díreach cistí ag Rialtas na hIndia í a dhéantar i ndiaidh onnmhairí a dhéanann onnmhaireoirí, braitheann sí ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil an scéim seo sonrach agus in-fhrithchúitithe faoi Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán.

3.3.6. *Conclúid maidir le DDS*

(86) Is é Rialtas na hIndia a chinneann an ráta aisíoca dleachta d'onnmhairí ar bhonn táirge ar tháirge. Mar sin féin, cé go dtagraítear don fhóirdheontas mar aisíocaíocht dleachta, níl tréithe uile córais aisíocaíochta dleachta incheadaithe ná córas aisíocaíochta ionadaíochta ag an scéim de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán; níl sé i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I, ítim (I), in Iarscríbhinn II (sainmhíniú agus rialacha maidir le haisíocaíocht) agus in Iarscríbhinn III (sainmhíniú agus rialacha maidir le haisíocaíocht ionadaíochta) den bhun-Rialachán. Ní gá go mbeadh an íocaíocht in airgead tirim leis an onnmhaireoir nasctha le híocaíochtaí iarbhír dleachtanna ar allmhairí maidir le hamhábhair, agus ní creidmheas dleachta í chun dleachtanna ar allmhairí a fhritháireamh ar allmhairí amhábhar san am atá thart nó sa todhchaí. Ina theannta sin, níl aon chóras ná nós imeachta i bhfeidhm lena dheimhniú cén t-ionchur a ídítear i dtáirgeadh na dtáirgí onnmhairithe agus cad iad na méideanna. Ina theannta sin, ní cosúil go ndéanann Rialtas na hIndia scrúdú breise ar bhonn na n-ionchur iarbhír lena mbaineann, cé go mba ghá sin a dhéanamh in éagmais córas fíoraithe a bheadh curtha i bhfeidhm go héifeachtach (Iarscríbhinn II(5) agus Iarscríbhinn III(II)(3) a ghabhann leis an mbun-Rialachán). Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil maidir le nasc a bheith ann idir na rátaí aisíoca agus na dleachtanna a íocadh ar amhábhair.

(87) I gcomhréir le himscrúduithe roimhe seo a leagtar amach in aithris (74) agus ar bhonn na dtorthaí dá dtagraítear in aithrisí (78) - (85), agus de cheal aon rud a léireodh a mhalairt, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid gur leanadh de tháirgeoirí TPE de chuid na hIndia a fhóirdheonú.

3.3.7. *Barúlacha a fuarthas*

(88) Tar éis an nochta chinntithigh, chuir Rialtas na hIndia i gcoinne chonclúid an Choimisiúin maidir leis an gcóras fíorúcháin agus dhearbhaigh sé nach fóirdheontas in-fhrithchúitithe é DDS. Chuir Rialtas na hIndia i dtábhacht go raibh creat láidir fíorúcháin ann faoi na Rialacha Aisíocaíochta Cánach Custaim, Máil agus Seirbhís, 1995 (arna leasú in 2006) agus Lámhleabhar Custaim 2015, lena n-áirítear iniúchtaí éigeantacha, cigireachtaí allamuigh, agus trasfhíorú sonraí ionchuir. D'áitigh Rialtas na hIndia, leis na sásraí sin, go n-áirithítear nach sáraíonn íocaíochtaí aisíoca dleachtanna/cánacha a íoctar ar ionchuir a úsáidtear in earraí onnmhairithe, i gcomhréir le treoirlínte EDT. Go sonrach, luaigh Rialtas na hIndia tuarascáil phainéal EDT in *DS 486 maidir le Bearta Frithchúitimh ar Theireataláit Phoileitiléine Áirithe ón bPacastáin* ([37]), inar soiléiríodh nach bhfuil scéimeanna aisíoca dleachta in-fhrithchúitithe faoin gComhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh ('ASCM') má áirítear leo coimircí chun loghadh iomarcach a chosc. Dá bhrí sin, i dtuairim Rialtas na hIndia, ní chomhlíonann DDS na critéir maidir le hin-fhrithchúititheacht.

(89) Thairis sin, mhaígh Rialtas na hIndia nach raibh tacaíocht fhianaiseach i dtorthaí an Choimisiúin, toisc nár cainníochtaíodh aon tairbhe inbhraite d'onnmhairí TPE chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is é tuairim Rialtas na hIndia, gan cainníochtú den sórt sin, gur dochosanta spleáchas an Choimisiúin ar an méid sin mar údar le leanúint de bhearta frith-fhóirdheontais.

(90) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na hIndia fianaise nua isteach a mhéid a bhaineann leis an gcóras fíorúcháin lena gcaithfí amhras ar chonclúidí an Choimisiúin. Tá na torthaí sin (gur fóirdheontais in-fhrithchúitithe é DDS agus go bhfuil a chóras fíorúcháin neamhéifeachtach) i gcomhréir leis na conclúidí fíorasacha ar thángthas orthu in imscrúduithe roimhe seo freisin agus a leagtar amach in aithris (74). Maidir le tairbhí inchainníochtaithe, shoiléirigh an Coimisiún in aithris (84) nach gá méideanna beachta na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú in athbhreithniú éaga. In éagmais córas fíoraithe iontaofa a bheith i bhfeidhm chun a dheimhniú cé acu a ídíodh ionchuir i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó nár ídíodh, agus cé na méideanna díobh, is féidir teacht ar an gconclúid go réasúnta, mar a tharla i gcomhthéacs an imscrúdaithe roimhe seo, go bhfuil an fóirdheonú fós á dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na hIndia maidir le DDS.

3.4. **An Scéim um Onnmhairiú Earraí Caipitiúla a Chur Chun Cinn ('EPCGS')**

(91) Rinneadh an scéim sin a fhrithchúiteamh cheana féin i roinnt imeachtaí dleachta frithchúitimh i ndáil leis an India, lena n-áirítear in aithrisí (79) go (90) den rialachán maidir le córais leictreoidí graifíte ([38]), in aithrisí (174) go (189) den rialachán maidir le táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ([39]), in aithrisí (82) go (93) den rialachán maidir leis an athbhreithniú éaga deireanach agus in aithrisí (86) go (102) den rialachán maidir le hiarann teilgthe graifíte sféaróidí ([40]).

3.4.1. *Bunús dlí*

(92) tá tuairisc mhionsonraithe ar scéim EPCGS i gcaibidil 5 de FTP 2023 agus i gcaibidil 5 de HOP 2023.

3.4.2. *Incháilitheacht*

(93) Tá monaróirí-onnmhaireoirí, onnmhaireoirí-ceannaithe atá 'faoi cheangal le' monaróirí agus soláthraithe seirbhíse a thacaíonn leis an mbeart seo incháilithe don bheart seo.

([37]) https://www.wto.org/english/tratop_e/dispu_e/cases_e/ds486_e.htm.

([38]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1103 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 147, 7.6.2023, lch. 27.

([39]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/433 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, IO L 88, 16.3.2022, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/433/oj.

([40]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/927 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 161, 16.6.2022, lch. 28.

3.4.3. *Cur chun feidhme praiticiúil*

(94) Faoi choinníoll oibleagáide onnmhairiúcháin, ceadaítear do chuideachta earraí caipitiúla (earraí caipitiúla nua agus earraí caipitiúla athláimhe suas le 10 mbliana d'aois) a allmhairiú de réir ráta dleachta laghdaithe. Chuige sin, eisíonn Rialtas na hIndia ceadúnas EPCGS, ar iarratas agus ar tháille a íoc. Leis an scéim déantar foráil maidir le dleachtráta laghdaithe ar allmhairí a bheidh infheidhme maidir leis na hearraí caipitiúla uile a allmhairítear faoin scéim. D'fhonn an oibleagáid onnmhairiúcháin a chomhlíonadh, ní mór na hearraí caipitil allmhairithe a úsáid chun méid áirithe earraí a mheastar a bheith le honnmhairiú a tháirgeadh le linn tréimhse áirithe. Faoi FTP 2023 is féidir na hearraí caipitiúla a allmhairiú le dleachtráta 0 % faoi EPCGS. Ní mór an oibleagáid onnmhairiúcháin, arb ionann í agus sé oiread na dleachta a shábháiltear, a chomhlíonadh laistigh de thréimhse 6 bliana ar a mhéad.

(95) Is féidir le sealbhóir ceadúnais EPCGS na hearraí caipitil a fháil ó fhoinse dhúchasach freisin. Sa chás sin, féadfaidh monaróir intíre na n-earraí caipitiúla leas a bhaint as an tairbhe chun comhpháirteanna a allmhairiú saor ó dhleacht, ar comhpháirteanna iad is gá chun na hearraí caipitiúla sin a mhonarú. De rogha air sin, is féidir leis an monaróir dúchasach tairbhe an onnmhairithe mheasta a éileamh i ndáil le hearraí caipitil a sholáthar do shealbhóir ceadúnais EPCGS.

3.4.4. *Ranníocaíocht agus tairbhe airgeadais*

(96) Ní raibh aon fhaisnéis chuideachta-shonrach ag an gCoimisiún ar a bhféadfaí méid an fhóirdheontais a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh. In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur lean Rialtas na hIndia d'fhóirdheontais a sholáthar de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ranníocaíocht airgeadais ó Rialtas na hIndia atá sa laghdú dleachta, ós rud é go laghdaíonn an lamháltas sin ioncam Rialtas na hIndia ó dhleacht a bheadh dlite murach sin. Ina theannta sin, tugann an laghdú tairbhe don onnmhaireoir atá cothrom le méid an laghdaithe dleachta. Is é méid an fhóirdheontais an difríocht idir méid iarbhír na dleachta a d'íoc an chuideachta is faighteoir le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an méid a bheadh íoctha ag an ngnáthráta dleachta.

3.4.5. *Sainiúlacht*

(97) Tá EPCGS ag brath de réir dlí ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin, ós rud é nach féidir ceadúnais den sórt sin a fháil gan gealltanas a thabhairt maidir le honnmhairiú. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil sé sonrach agus in-fhrithchúitithe faoi Airteagal 4(4), an chéad fhomhír, pointe (a) den bhun-Rialachán.

3.4.6. *Conclúid maidir le EPCGS*

(98) Ní féidir a mheas gur córas aisíoca dleachta incheadaithe ná córas aisíoca ionadaíochta é EPCGS de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán. Ní chumhdaítear earraí caipitil faoi raon feidhme na gcóras incheadaithe sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I pointe (i) den bhun-Rialachán, toisc nach n-ídítear iad i dtáirgeadh na dtáirgí onnmhairithe.

(99) Ní raibh aon fhaisnéis chuideachta-shonrach ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a ríomhfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé nárbh fhéidir méid an fhóirdheonaithe a shuí go beacht, ar bhonn na hiarrata agus in éagmais aon fhaisnéis eile sa chomhad a léiríonn a mhalairt, thug EPCGS tairbhe de réir bhrí Airteagal 6(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le himscrúduithe roimhe seo a leagtar amach in aithris (91), ba é conclúid an Choimisiúin go meastar fós go bhfuil an fóirdheontas sin in-fhrithchúitithe.

3.4.7. *Barúlacha a fuarthas*

(100) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Rialtas na hIndia go gceadaítear le EPCGS earraí caipitiúla a allmhairiú saor ó dhleacht chun iomaíochas monaraíochta a fheabhsú. D'áitigh Rialtas na hIndia nach bhfuil na tairbhí sin in-fhrithchúitithe faoi ASCM, agus Iarscríbhinn I(h), (i) agus Iarscríbhinn II á lua aige, lena gceadaítear díolúintí/loghadh dleachta ar ionchuir a úsáidtear in onnmhairí. Ní bheadh ach díolúintí iomarcacha (thar dhleachtanna a íoctar ar ionchuir ídithe) ina bhfóirdheontais. Dhiúltaigh Rialtas na hIndia do chonclúid an Choimisiúin, toisc nach raibh sí i gcomhréir le dlí EDT agus nach raibh tacaíocht fhianaiseach inti.

(101) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na hIndia fianaise nua isteach a mhéid a bhaineann leis an scéim lena gcaithfí amhras ar chonclúidí an Choimisiúin. Tá torthaí an Choimisiúin i gcomhréir leis na conclúidí fíorasacha ar thángthas orthu in imscrúduithe roimhe seo freisin agus a leagtar amach in aithris (91). Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na hIndia maidir le EPCGS.

3.5. **Scéim Díolúine ó Dhleacht Leictreachais de chuid Gujarat (GEDES)**

(102) Tá scéim GEDES bunaithe ar Acht um Dhleacht Leictreachais Gujarat, 1958 ([41]) ('an tAcht Leictreachais') faoi Roinn 3(2) (vii) agus (viii), arna leasú go deireanach in Iris Rialtas Gujarat i mí an Mhárta 2020 ([42]).

(103) Tá scéim díolúine ó dhleacht leictreachais ag Státrialtas Gujarat, a riartar faoi údarás Acht um Dhleacht Leictreachais Gujarat, 1958. Leis an gClár, déantar fiontair incháilithe áirithe a bhunaíonn saoráid táirgthe bhreise i Stát Gujarat a dhíolmhú ó dhleacht leictreachais a íoc ar feadh tréimhse shocraithe.

(104) Sa Rialachán maidir leis an athbhreithniú éaga deireanach, chinn an Coimisiún gur thairbhigh cuideachta amháin den scéim sin le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Thairis sin, mheabhraigh an t-iarratasóir go bhfuil ceann de tháirgeoirí TPE na hIndia, Senpet Polymers LLP, bunaithe in Gujarat, mar sin is dócha gur thairbhigh sé den chlár fóirdheontais sin.

(105) I bhfianaise na heaspa comhair ó aon táirgeoir atá bunaithe in Gujarat, ná aon fhianaise eile arna soláthar ag Rialtas na hIndia, ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an fóirdheontas sin in-fhrithchúitithe fós ar bhonn na dtorthaí neamhchonspóidithe san imscrúdú bunaidh agus in éagmais aon fhianaise a léiríonn athrú ar an gcás.

3.5.1. *Barúlacha a fuarthas*

(106) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Rialtas na hIndia gur clár forbartha tionsclaíche neamhshonrach í scéim GEDES atá dírithe ar fhás eacnamaíoch níos leithne, seachas fóirdheontas onnmhairiúcháin. Is é is cuspóir di tacú le forbairt thionsclaíoch ghinearálta, seachas onnmhairí a dhreasú. D'áitigh Rialtas na hIndia gur aithin an Coimisiún roimhe seo go raibh an tairbhe faoi GEDES diomaibhseach, rud a bhain an bonn a thuilleadh dá ábharthacht. I dtuairim Rialtas na hIndia, níl bunús dlíthiúil ná fíorasach le bheith ag brath ar an scéim sin chun údar a thabhairt le leanúint de dhleachtanna frithchúitimh.

(107) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na hIndia fianaise nua isteach a mhéid a bhaineann leis an scéim lena gcaithfí amhras ar chonclúidí an Choimisiúin. Seasadh leis na conclúidí fíorasacha maidir le GEDES, ar thángthas orthu ar dtús san imscrúdú tosaigh, in éagmais aon fhianaise a léiríonn athrú ar na himthosca. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na hIndia maidir le GEDES.

3.6. **Scéimeanna breise a líomhnaítear san iarraidh ar athbhreithniú**

(108) Tháinig Scéim um Loghadh Dleachtanna agus Cánacha ar Tháirgí Onnmhairithe ('RODTEP') in ionad na Scéime um Onnmhairiú Earraí ón India ('MEIS'), a chuaigh in éag an 1 Eanáir 2021, ach rinneadh imscrúdú uirthi agus deimhníodh ar dtús í san athbhreithniú éaga deireanach ([43]).

(109) Tá scéim RoDTEP bunaithe ar an Acht um Thrádáil Eachtrach (Forbairt agus Rialáil) 1992 (Uimh. 22 de 1992) a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 1992 ('An tAcht um Thrádáil Eachtrach'). Údaraíonn an tAcht Trádála Eachtraí do Rialtas na hIndia fógraí a eisiúint maidir leis an mbeartas onnmhairithe agus allmhairithe. Déantar achoimre orthu sin i ndoiciméid 'Beartas Trádála Coigríche', a eisíonn an Aireacht Tráchtála gach 5 bliana agus a nuashonraítear go tráthrialta ([44]).

([41]) https://www.indiacode.nic.in/bitstream/123456789/4362/1/gujaratelectricitydutyact.pdf.

([42]) Aighneacht t25.001630 ó Rialtas na hIndia an 31/01/2025.

([43]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1286, aithrisí (104) agus (105) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1286 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (TPE) áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 202, 31.7.2019, lch. 81.

([44]) https://www.dgft.gov.in/CP/?opt=ft-policy.

(110) Is é Beartas Trádála Eachtraí FTP 2023 doiciméad an Bheartais Trádála Eachtraí atá ábhartha do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2023. Leagann Rialtas na hIndia amach na nósanna imeachta lena rialaítear an Beartas Trádála Eachtraí i Lámhleabhar Nósanna Imeachta ([45]) ('HOP') 2023 freisin. Tháinig na nósanna imeachta sin i bhfeidhm an 1 Aibreán 2023. Tá RODTEP bunaithe ar FTP 2023 agus ar HOP 2023 chomh maith.

3.7. **Scéim um Loghadh Dleachtanna agus Cánacha ar Tháirgí Onnmhairithe (RoDTEP)**

(111) Dheimhnigh táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin go bhfuair sé lamháltais faoi scéim RoDTEP le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, ós rud é nár onnmhairigh sé chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe sin, níor cainníochtaíodh an tairbhe.

(112) Rinneadh an scéim sin a fhrithchúiteamh cheana féin in aithrisí (118) go (132) den rialachán maidir le córais leictreoidí graifíte ([46]).

3.7.1. *Bunús dlí*

(113) Tá an tuairisc mhionsonraithe ar RoDTEP i gcaibidil 4 de FTP 2023 agus in HOP 2023 chomh maith. Is féidir é a fháil freisin i bhFógra Uimh. 19/2015-20 dar dáta an 17 Lúnasa, 2021 ([47]) lenar tugadh RoDTEP isteach in FTP 2015-2020, a bhí bailí go dtí gur tháinig FTP 2023 i bhfeidhm ([48]).

3.7.2. *Incháilitheacht*

(114) Tá aon mhonaróir-onnmhaireoir nó aon cheannaí-onnmhaireoir incháilithe don scéim seo.

3.7.3. *Cur chun feidhme praiticiúil*

(115) Is féidir le cuideachtaí incháilithe tairbhiú de RoDTEP trí tháirgí a onnmhairiú, ar táirgí iad nach bhfuil eisiata de réir liosta alt 4.55 de FTP 2023 mar Sholáthairtí/Ítimí/Catagóirí Neamh-incháilithe faoin Scéim. De réir an liosta sin, níor cuireadh TPE as an áireamh.

(116) Mar a léirítear i roinn 4.54 de FTP 2023, is é is cuspóir don scéim aon dleacht, cáin nó tobhach atá neamh-aisíoctha fós a aisíoc, lena n-áirítear cánacha indíreacha carnacha ag céim níos luaithe, ar earraí agus ar sheirbhísí a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe.

(117) Faoin Scéim deonaítear lacáiste ag céatadán fógartha de luach SAB agus tá caidhp luacha SAB in aghaidh aonad an táirge onnmhairithe i bhfeidhm. Socraíodh ráta RoDTEP i gcás TPE ag 1,4 % de luach na n-onnmhairí ([49]) agus laghdaíodh é go 1,3 % ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

(118) Cuirtear an Scéim chun feidhme trí shuim lacáiste a eisiúint i bhfoirm creidmheas dleachta/scruith leictreonach (ríomh-scruith) inaistrithe, a choinníonn an Bord Lárnach um Chánacha Indíreacha agus Custaim (CBIC) i mórleabhar leictreonach.

(119) Is féidir na ríomh-scruitheanna a úsáid chun dleachtanna custaim a íoc ar allmhairí ionchuir nó earraí lena n-áirítear earraí caipitiúla faoin gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Taraife Custam, 1975, is é sin an Bhundleacht Chustaim.

([45]) https://www.dgft.gov.in/CP/?opt=ft-procedures.

([46]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1103 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 147, 7.6.2023, lch. 27.

([47]) https://content.dgft.gov.in/Website/dgftprod/ee052ba4-d026-4e3b-a100-20fdd0daeba2/Notification%20No.%2019%20English.pdf nó aighneacht t24.007820 ó Rialtas na hIndia an 14/9/2024.

([48]) https://www.dgft.gov.in/CP/

([49]) Fógra Uimh. 55 le héifeacht ón 15.2.2023, aighneacht t24.007820 ó Rialtas na hIndia an 14/9/2024.

(120) Le Fógra Poiblí ([50]), is infheidhme maidir le taifid le haghaidh 2023-2024, sainítear an nós imeachta agus an fhormáid le haghaidh na n-onnmhaireoirí chun taifid a choinneáil ar bun chun bunús a thabhairt lena n-éilimh, amhail iad siúd a bhaineann le TPE onnmhairithe agus ionchuir a úsáidtear (Foscríbhinn 4RR - formáid chun sonraí a chur isteach faoi Thuairisceán Bliantúil RoDTEP). De réir an fhógra, beidh feidhm ag na ceanglais tar éis mhí an Mhárta 2025. A mhéid a bhaineann le Foscríbhinn 4RR, chinn an Coimisiún maidir leis an bhformáid fhorordaithe chun tomhaltas agus úsáid dleachtanna, cánacha nó tobhach neamh-aisíoctha a thuairisciú, nár ceapadh an fhormáid sin chun ionchorprú fisiciúil na n-ionchur sin i dtáirgí onnmhairithe a fhíorú. Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, níor chuir Rialtas na hIndia córas fíorúcháin ná nós imeachta i bhfeidhm go héifeachtach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun a dheimhniú cé acu a ídíodh nó nár ídíodh ionchuir i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe agus a mhéid a ídíodh na hionchuir sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lena n-áiritheofaí ar an gcaoi sin nach mó méid na ndleachtanna ná na gcánacha a loghadh ná an méid a fabhraíodh.

3.7.4. *Ranníocaíocht agus tairbhe airgeadais*

(121) Mar a fhoráiltear in aithris (111), ní raibh aon fhaisnéis chuideachta-shonrach ag an gCoimisiún ar a bhféadfaí méid an fhóirdheontais a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh. In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, is éard a d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur lean Rialtas na hIndia d'fhóirdheontais a sholáthar de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ranníocaíocht airgeadais ó Rialtas na hIndia is ea creidmheas dleachta RoDTEP, ós rud é go n-úsáidfear an creidmheas sa deireadh chun dleachtanna ar allmhairí a íoctar ar earraí caipitil a fhritháireamh, rud a laghdaíonn ioncam Rialtas na hIndia ó dhleacht a bheadh dlite murach sin. Ina theannta sin, tugann creidmheas dleachta RoDTEP sochar don onnmhaireoir nach bhfuil faoi réir íocaíocht na ndleachtanna sin ar allmhairí. Is é méid an fhóirdheontais méid na dleachta a bheadh iníoctha ag an gcuideachta is faighteoir ag an ráta dleachta caighdeánach is infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.7.5. *Sainiúlacht*

(122) Thairis sin, tá RoDTEP ag brath sa dlí ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin, agus dá bhrí sin meastar é a bheith sonrach agus in-fhrithchúitithe faoi Airteagal 4(4), an chéad fhomhír, pointe (a) den bhun-Rialachán.

3.7.6. *Conclúid maidir le RODTEP*

(123) Ní féidir a mheas gur córas aisíoca dleachta incheadaithe ná córas aisíoca ionadaigh é an scéim seo de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán. Níl sé i gcomhréir leis na rialacha dochta a leagtar síos in Iarscríbhinn I pointí (h) agus (i), in Iarscríbhinn II (sainmhíniú agus rialacha maidir le haisíoc) agus in Iarscríbhinn III (sainmhíniú agus rialacha maidir le haisíoc ionadach) a ghabhann leis an mbun-Rialachán. Níl aon oibleagáid ar onnmhaireoir aon earra a allmhairítear saor ó dhleacht sa phróiseas táirgthe a úsáid go hiarbhír agus ní ríomhtar méid an chreidmheasa i ndáil leis na hionchuir iarbhír a úsáidtear. Mar a leagtar amach in aithris (120) thuas, ní raibh aon chóras ná nós imeachta i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó tar éis na tréimhse sin lena dheimhniú cé na hionchuir a ídítear i bpróiseas táirgthe an táirge onnmhairithe nó cé acu a tharla nó nár tharla íocaíocht iomarcach dleachtanna ar allmhairí nó cánacha indíreacha eile de réir bhrí phointí (i) agus (h), faoi seach, d'Iarscríbhinn I agus d'Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an mbun-Rialachán. Thairis sin, is cosúil nach ndearna Rialtas na hIndia aon scrúdú breise ar bhonn ionchur agus idirbheart iarbhír chun a chinneadh ar tharla íocaíocht iomarcach.

(124) Cé nárbh fhéidir méid an fhóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a shuí de dheasca na heaspa onnmhairí chuig an Aontas, ar bhonn na dtorthaí dá dtagraítear in aithrisí (115) - (123), agus de cheal aon rud a léireodh a mhalairt, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid gur leanadh de tháirgeoirí TPE de chuid na hIndia a fhóirdheonú. Dá réir sin, agus i gcomhréir leis an imscrúdú roimhe seo a leagtar amach in aithris (112), ba é conclúid an Choimisiúin gur fóirdheontas in-fhrithchúitithe í an Scéim um Loghadh Dleachtanna agus Cánacha ar Tháirgí Onnmhairithe agus gur leanadh di le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([50]) Fógra Poiblí 27/2024-25, dar dáta an 23 Deireadh Fómhair, 2024, is infheidhme maidir le taifid le haghaidh 2023-2024.

3.7.7. *Barúlacha a fuarthas*

(125) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh Rialtas na hIndia gur scéim neamhshonrach thrédhearcach neodrachta cánach é RoDTEP, seachas fóirdheontas onnmhairiúcháin, lena n-aisíoctar cánacha indíreacha leabaithe ar na honnmhaireoirí uile tríd an gcóras ríomh-scruith. Mhaígh Rialtas na hIndia go bhfuil sé ailínithe le dlí EDT (Airteagal 1.1(a)(ii) ASCM), toisc nach fóirdheontais iad scéimeanna aisíocaíochta cánach den sórt sin. Chuir Rialtas na hIndia i dtábhacht nach soláthraíonn RoDTEP glantairbhe airgeadais ach go gcúitíonn sé cánacha a íocadh, rud lena n-áirithítear iomaíochas. Le linn an phróisis fíorúcháin, chuir Rialtas na hIndia sampla iniúchóireachta isteach lenar deimhníodh nár sháraigh aisíocaíochtaí RoDTEP a éilíodh na cánacha iarbhír a tabhaíodh. Is é tuairim Rialtas na hIndia, dá bhrí sin, go bhfuil conclúid an Choimisiúin lochtach ó thaobh an dlí de, toisc go ndéantar neamhaird ar chomhlíontacht RoDTEP le cleachtais incheadaithe faoi ASCM.

(126) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na hIndia fianaise nua isteach a mhéid a bhaineann leis an scéim lena gcaithfí amhras ar chonclúidí an Choimisiúin. Tá torthaí an Choimisiúin i gcomhréir leis na conclúidí fíorasacha ar thángthas orthu in imscrúduithe roimhe seo freisin agus a leagtar amach in aithris (112). Thug an Coimisiún dá aire cheana in aithris (120), ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, nár chuir Rialtas na hIndia córas fíorúcháin ná nós imeachta i bhfeidhm go héifeachtach chun a dheimhniú cé acu a ídíodh nó nár ídíodh ionchuir i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe agus a mhéid a ídíodh na hionchuir sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lena n-áiritheofaí ar an gcaoi sin nach mó méid na ndleachtanna ná na gcánacha a loghadh ná an méid a fabhraíodh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na hIndia maidir le RoDTEP.

3.8. **An Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht**

3.8.1. *Bunús dlí*

(127) Tá an tuairisc mhionsonraithe ar an scéim i míreanna 4.24 go 4.29 de FTP 2023 agus i gcaibidlí 4.52 go 4.56 de HOP 2023.

3.8.2. *Incháilitheacht*

(128) Áirítear an méid seo a leanas ar na critéir incháilitheachta don scéim seo:

— Eiseofar Údarú um Allmhairiú Saor ó Dhleacht ar bhonn iar-onnmhairiúcháin i gcás táirgí ar tugadh fógra ina leith faoina Noirm Chaighdeánacha maidir le hIonchuir agus Aschuir.

— Ní mór an t-iarratasóir a bheith ina onnmhaireoir-ceannaí a luann ainm agus seoladh an mhonaróra tacaíochta ar dhoiciméid onnmhairiúcháin.

— Ní mór iarratas a chomhdú leis an Údarás Réigiúnach lena mbaineann sula ndéanfar an t-onnmhairiú.

— Níor cheart an t-ionchur a bhfuil údarú um allmhairiú saor ó dhleacht á lorg ina leith a bheith faoi réir coinníollacha réamh-allmhairiúcháin, coinníoll 'Úsáideoir Iarbhír' de réir an Noirm Chaighdeánaigh maidir le hIonchuir agus Aschuir, nó coinníollacha réamh-allmhairiúcháin de réir Fhoscríbhinn 4J.

(129) I gcás onnmhairí a thairbhíonn de AAS, ní féidir le cuideachta sochair a éileamh faoin Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht an tráth céanna.

(130) San athbhreithniú seo, d'fhiosraigh an Coimisiún an raibh córas fíorúcháin éifeachtach nó nós imeachta éifeachtach i bhfeidhm ag Rialtas na hIndia agus á chur i bhfeidhm aige chun a dheimhniú cé na hionchuir a ídíodh i dtáirgeadh an táirge onnmhairithe agus cén méid ionchuir a ídíodh.

(131) Mar a mhínigh Rialtas na hIndia, bhí an próiseas fíorúcháin cosúil le próiseas na Scéime Réamhúdaraithe; mar sin féin, ní fhéadfadh sé aon tuarascáil fíorúcháin a sholáthar maidir le fíorú fisiceach ídiú na n-ionchur faoin Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht. Ar bhonn na heaspa fianaise, chinn an Coimisiún nach raibh córas fíorúcháin iontaofa ag Rialtas na hIndia chun a dheimhniú cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh ionchuir allmhairithe i dtáirgeadh TPE onnmhairithe, agus a mhéid a úsáideadh na hionchuir sin.

3.8.3. *Ranníocaíocht agus tairbhe airgeadais*

(132) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí na hIndia, ní raibh aon fhaisnéis chuideachta-shonrach ag an gCoimisiún ar a bhféadfaí méid an fhóirdheontais a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh. In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Ar bhonn na fianaise atá ar fáil, is fóirdheontas í an díolúine ó dhleachtanna ar allmhairí faoin scéim sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus

3(2) den bhun-Rialachán, do mhonaróirí onnmhairiúcháin, atá cothrom leis an méid ioncaim atá ligthe thar ceal ag an rialtas uaidh agus, dá bhrí sin, atá cothrom le méid na ndleachtanna nár bailíodh: 100 % den Bhundleacht Chustaim ar ionchuir nár íoc an t-onnmhaireoir astu. Is ranníocaíocht airgeadais ó Rialtas na hIndia í, ós rud é go ligtear ioncam ó dhleacht thar ceal leis an díolúine, ar ioncam é a bheadh dlite murach sin agus go dtugtar tairbhe do na honnmhaireoirí a ndearnadh imscrúdú orthu toisc go gcuirtear feabhas ar a leachtacht dá bharr. Is é méid an fhóirdheontais méid an dleachta a bheadh iníoctha ag an gcuideachta is faighteoir ag an ráta dleachta caighdeánach is infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.8.4. *Sainiúlacht*

(133) Meastar gur fóirdheontas sonrach é an fóirdheontas de réir Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil sé ag brath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin (Iarscríbhinn I, litir (i) den bhun-Rialachán).

3.8.5. *Conclúid maidir leis an Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht*

(134) Is ranníocaíocht airgeadais ó rialtas í an Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht, mar atá, ioncam rialtais atá á ligean thar ceal nó nach mbailítear ar shlí eile (Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán). Tugann na fóirdheontais sin sochar, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán Frith-Fhóirdheontais, do mhonaróirí onnmhairithe, arb ionann é agus an méid ioncaim a ligeann an rialtas thar ceal agus, dá bhrí sin, le suim na ndleachtanna nár bailíodh: 100 % den Bhundleacht Chustaim ar ionchuir nár íoc an t-onnmhaireoir astu. Meastar gur fóirdheontas sonrach é an fóirdheontas de réir Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil sé ag brath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin.

(135) Cé nárbh fhéidir méid an fhóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a shuí de dheasca na heaspa onnmhairí chuig an Aontas, ar bhonn na dtorthaí dá dtagraítear in aithrisí (128) - (133), agus de cheal aon rud a léireodh a mhalairt, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid gur leanadh de tháirgeoirí TPE de chuid na hIndia a fhóirdheonú. Dá réir sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur fóirdheontas in-fhrithchúitithe é an Scéim Údarúcháin um Allmhairiú Saor ó Dhleacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.8.6. *Barúlacha a fuarthas*

(136) Tar éis an nochta chinntithigh, dhearbhaigh Rialtas na hIndia nach n-aisíocann scéim DFIA ach cánacha a íocadh, gan aon ghlantairbhe, agus go bhfuil maíomh an Choimisiúin maidir le sainiúlacht gan bhunús mar gheall ar easpa fianaise (e.g. gan aon onnmhairí ón India faoin scéim). D'áitigh Rialtas na hIndia go bhfuil conclúid an Choimisiúin mícheart ó thaobh an dlí de, toisc go ndéantar neamhaird inti go gceadaítear sásraí aisíocaíochta cánach den chineál sin faoi ASCM.

(137) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na hIndia fianaise nua isteach a mhéid a bhaineann leis an scéim lena gcaithfí amhras ar chonclúidí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na hIndia maidir le DFIA.

3.9. **Scéim Comhionannaithe Úis**

(138) D'fhógair Banc Cúltaca na hIndia ('RBI') an 'Scéim Comhionannaithe Úis ar Chreidmheas Onnmhairiúcháin Rúipí Réamhsheolta agus Iarsheolta' i Máistir-Chiorclán DBR.Dir.BC.No.62/04.02.001/2015-16 dar dáta an 4 Nollaig 2015 ([51]). Socraíodh ar dtús go rachadh an Scéim Comhionannaithe Úis in éag i mí Mheán Fómhair 2021. Cuireadh síneadh leis roinnt uaireanta, agus is le fógra trádála uimh. 18/2024-2025 ([52]) a cuireadh an síneadh deireanach leis go dtí deireadh 2024, agus chuaigh sé in éag ina dhiaidh sin. Cé nach nglacann an Coimisiún seasamh maidir le hin-fhrithchúititheacht na scéime líomhnaithe, ní dhearnadh tuilleadh imscrúdaithe air chun críoch an athbhreithnithe reatha.

3.10. **Conclúid maidir le leanúint den fhóirdheonú**

(139) I bhfianaise a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur lean táirgeoirí TPE san India de thairbhiú d'fhóirdheontais in-fhrithchúitithe faoi chúig scéim, ar a laghad, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Níor nochtadh aon chomhartha leis an imscrúdú a léirigh go bhfuil laghdú substaintiúil tagtha ar leibhéal an fhóirdheonaithe i gcomparáid leis an athbhreithniú éaga deireanach. Os a choinne sin, deimhníodh leis an bhfianaise a bhí san iarraidh ar athbhreithniú agus a sholáthair an táirgeoir comhoibríoch de chuid na hIndia go mairfeadh na tairbhí faoi na fóirdheontais sin.

3.11. **Conclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú**

(140) I gcomhréir le hAirteagal 18(2) den bhun-Rialachán, rinneadh scrúdú an leanfaí den fhóirdheonú nó an gcuirfí deireadh leis de thoradh dhul in éag na mbeart atá i bhfeidhm.

(141) Mar a leagtar amach in aithrisí (46) - (135), suíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe gur lean onnmhaireoirí de chuid na hIndia an táirge faoi athbhreithniú de thairbhiú den fhóirdheonú in-fhrithchúitithe ó údaráis na hIndia agus nach raibh aon chosúlacht ann a léirigh go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na tairbhí sin sna blianta beaga atá amach romhainn. Thairis sin, is féidir le honnmhaireoirí tairbhiú de bhreis agus aon fhóirdheontas amháin.

(142) Thairis sin, léiríonn an anailís ar an méid táirgeachta agus ar an acmhainneacht bhreise san India, ar mhéideanna onnmhairiúcháin agus ar phraghsanna ón India chuig margaí tríú tíortha eile, ar na bearta atá ann cheana sna tríú tíortha eile, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais (féach aithrisí (191) - (200)) freisin gur dócha go dtiocfadh méadú nach beag ar na honnmhairí fóirdheonaithe i margadh an Aontais dá ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul i léig.

(143) I bhfianaise an mhéid thuas, i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den bhun-Rialachán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den fhóirdheonú dá ligfí do na bearta atá i bhfeidhm dul i léig.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL NÓ GO nDÉANFAR AN ATHUAIR Í**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(144) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí an táirge comhchosúil á mhonarú ag aon táirgeoir aitheanta is daichead san Aontas. Is iad táirgeoirí sin an Aontais 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 9(1) agus Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán. As na táirgeoirí sin, is ar dheich gcuideachta atá ionadaíocht á déanamh ag an iarratasóir. Mar a shonraítear in aithris (24), rinneadh dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a shampláil agus is ó na táirgeoirí sampláilte sin a thagann breis agus 30 % de mhéid iomlán measta tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas.

([51]) https://www.rbi.org.in/Scripts/NotificationUser.aspx?Id=10159&Mode=0 (arna rochtain go deireanach 19/11/2024) nó aighneacht t24.010097 ó Rialtas na hIndia an 14/11/2024.

([52]) Aighneacht t25.001630 ó Rialtas na hIndia an 31/01/2025.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(145) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí na nithe seo a shuimiú:

(i) díolacháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais, a fuarthas tar éis na freagraí ar an gceistneoir a fhíorú,

(ii) díolacháin na dtáirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte agus na dtáirgeoirí eile de chuid an Aontais, a fuarthas ón iarratasóir ar bhonn na sainshonraí tionscail ó Wood Mackenzie,

(iii) na hallmhairí ón tír lena mbaineann agus ó na tríú tíortha uile eile, ar bhonn Eurostat.

(146) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas a d'fhorbair tomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas an Aontais (tonaí)	4 346 218	4 070 258	4 360 918	3 975 162	3 846 943
Innéacs (2020=100)	*100*	*94*	*100*	*91*	*89*

Foinse: freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, iarraidh ar athbhreithniú, faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, Eurostat.

(147) Ar an mbonn sin, tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(148) Chinn an Coimisiún freisin go raibh thart ar 2-3 % de tháirgeacht iomlán tháirgeoirí an Aontais (nach léirítear i dtomhaltas an Aontais agus i dtáscairí eacnamaíocha eile a leagtar amach sa Rialachán seo) dírithe ar úsáid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3. **Allmhairí ón India**

4.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh*

(149) Bhí méideanna na n-allmhairí ón India bunaithe ar staidreamh Eurostat agus ar bhonn sonraí a taifeadadh i mbunachar sonraí 14(6) ([53]). Shuigh an Coimisiún an sciar den mhargadh a bhain leis na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithris (145).

Tábla 2

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh (*)

		2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An India	An méid allmhairí (tonaí)	[122 000 – 126 000]	[90 000 – 95 000]	[95 000 – 100 000]	[1 500 – 2 500]	[1 500 – 2 500]
	Innéacs (2020=100)	*100*	*74*	*78*	*2*	*2*
	Sciar den mhargadh (%)	2,87	2,27	2,24	0,06	0,05

Foinse: Eurostat, bunachar 14(6)
(*) Gan allmhairí TPE ó Futura Polyesters Ltd, nach gcumhdaítear leis na bearta frithchúitimh

([53]) Staitisticí allmhairiúcháin míosúla atá bunaithe ar shonraí iarbhír arna soláthar ag údaráis chustaim sna Ballstáit faoi Airteagal 14(6) den bhun-Rialachán.

(150) Cuireadh an Córas Ginearálaithe um Fhabhair ar fionraí san India i gcás TPE ó bhí 2023 ann, agus d'fhág sé sin, in éineacht le hathnuachan na ndleachtanna frithchúitimh, gur cuireadh stop go bunúsach le sreabhadh na n-allmhairí ón India. Léiríonn súil níos grinne ar an gcás gur tháinig laghdú ar allmhairí na hIndia le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó bhreis agus [122 000 – 126 000] tona ag tús na tréimhse faoi bhreathnú go díreach [1 500 – 2 500] dtona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus is lú ná 0,1 % é sin den sciar den mhargadh san Aontas. Ní áirítear sa mheasúnú ar mhéideanna allmhairí ón India allmhairí ó Futura Polyesters Ltd (díolmhaithe ó na bearta), a raibh a n-allmhairí diomaibhseach in aon chás, go háirithe in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(151) Níorbh fhéidir úsáid a bhaint as líon an-bheag díolachán an táirge faoi athbhreithniú ón India leis an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun teacht ar aon chonclúid fhiúntach.

4.3.3. *Allmhairí ó thríú tíortha eile*

(152) Bhí an méid allmhairí agus an meánphraghas allmhairiúcháin i gcás na dtríú tíortha uile eile bunaithe ar staitisticí Eurostat. Shuigh an Coimisiún an sciar den mhargadh a bhain leis na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithris (146).

Tábla 3

Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí - na tríú tíortha uile eile

		2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Na tríú tíortha uile eile	An méid allmhairí (tonaí)	807 660	659 672	1 027 563	1 255 423	1 156 366
	Innéacs	*100*	*82*	*127*	*155*	*143*
	Sciar den mhargadh (%)	19	16	24	32	30
	Meánphraghas (EUR/tona)	772	944	1 406	1 080	1 023
	Innéacs	*100*	*122*	*182*	*140*	*132*
Vítneam	An méid allmhairí (tonaí)	92 359	91 709	156 729	278 180	359 575
	Sciar den mhargadh (%)	2	2	4	7	9
	Innéacs	*100*	*99*	*170*	*301*	*389*
	Meánphraghas (EUR/tona)	732	940	1 426	1 022	986
	Innéacs	*100*	*128*	*195*	*140*	*135*
An Tuirc	An méid allmhairí (tonaí)	124 883	160 162	173 613	214 650	257 022
	Innéacs	*100*	*128*	*139*	*172*	*206*
	Sciar den mhargadh (%)	3	4	4	5	7
	Meánphraghas (EUR/tona)	787	940	1 441	1 111	1 055
	Innéacs	*100*	*119*	*183*	*141*	*134*

		2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Éigipt	An méid allmhairí (tonaí)	81 942	70 786	172 913	207 161	204 264
	Innéacs	*100*	*86*	*211*	*253*	*249*
	Sciar den mhargadh (%)	2	2	4	5	5
	Meánphraghas (EUR/tona)	794	1 020	1 474	1 052	1 013
	Innéacs	*100*	*128*	*185*	*132*	*128*
Tríú tíortha eile	An méid allmhairí (tonaí)	508 476	337 016	524 307	555 433	335 505
	Sciar den mhargadh (%)	12	8	12	14	9
	Meánphraghas (EUR/tona)	772	931	1 365	1 109	1 044

(153) Tháinig méadú 11 % ar mhéid na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile eile idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ó 807 660 tona in 2020 go 1 156 366 thona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'fhan an sciar den mhargadh a bhain le hallmhairí ó na tríú tíortha uile eile laistigh den raon 16 % – 32 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 32 % ar mheánphraghas na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(154) Tháinig formhór na n-allmhairí ó Vítneam (sciar 9,3 % den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe), ón Tuirc (sciar 6,7 % den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) agus ón Éigipt (sciar 5,3 % den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe). Tháinig méadú nach beag ar na méideanna allmhairí ó gach ceann de na trí allmhaireoir le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí siar is aniar le sonrú ar a bpraghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus iad thart timpeall ar phraghsanna thionscal an Aontais.

(155) Ar deireadh, tháinig laghdú suntasach 34 % ar mhéideanna allmhairí ó na tríú tíortha eile (seachas an India, Vítneam, an Tuirc agus an Éigipt) idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú 3 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí acu le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 11,7 % in 2020 go 8,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha sin níos airde ar an meán ná praghsanna allmhairiúcháin ón India le linn na tréimhse 2020-2022, nuair a bhí cainníochtaí na n-allmhairí ón India fós ina gcainníochtaí ionadaíocha.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(156) I gcomhréir le hAirteagal 8(4) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú ar na tosca agus ar na táscairí eacnamaíocha ábhartha uile a raibh tionchar acu ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(157) Mar a luaitear in aithris (24), cuireadh sampláil i bhfeidhm chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(158) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar tháscairí maicreacnamaíocha a bhaineann le tionscal iomlán an Aontais ar bhonn na sonraí a fuarthas ón iarratasóir, arna gcros-seiceáil leis an bhfaisnéis a sholáthair roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais ag an gcéim réamhthionscnaimh agus leis na freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug táirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir, a fíoraíodh. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(159) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeadh, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid na rátaí fóirdheontais, agus téarnamh tar éis fóirdheontas a fuarthas san am atá thart.

(160) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, stoic dheiridh, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

(a) ***Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta***

(161) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta na dtáirgeoirí de chuid an Aontais

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	3 323 632	3 367 963	3 250 341	2 668 477	2 665 170
Innéacs (2020=100)	*100*	*101*	*98*	*80*	*80*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	3 879 892	3 956 555	4 043 716	4 079 010	4 039 787
Innéacs (2020=100)	*100*	*102*	*104*	*105*	*104*
Úsáid acmhainneachta (%)	86	85	80	65	66

Foinse: faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(162) Tháinig méadú beag ar an méid táirgeachta ó 2020 go 2021 agus ansin laghdú air faoi bhun leibhéil 2020 in 2022 agus thit sé níos faide síos fós (20 % i gcomparáid le 2020) le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(163) Bhí an acmhainneacht táirgeachta réasúnta cobhsaí i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 4 % uirthi ar an iomlán.

(164) Ós rud é gur tháinig laghdú ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig méadú beag ar an acmhainneacht, tháinig laghdú 20 pointe céatadáin ar an úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(b) ***An méid díolachán agus an sciar den mhargadh***

(165) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh atá ag na táirgeoirí de chuid an Aontais

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid díolachán san Aontas (tonaí)	3 411 954	3 289 452	3 211 733	2 716 543	2 687 928
Innéacs (2020=100)	*100*	*96*	*94*	*80*	*79*
Sciar den mhargadh (%)	78,5	80,8	73,6	68,3	69,9

Foinse: faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(166) Tháinig laghdú leanúnach ar dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais i margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú 21 % orthu idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, bhí an laghdú ar dhíolacháin an Aontais ar aon dul leis an laghdú a bhí ag teacht ar thomhaltas an Aontais, cé gur tháinig laghdú ar dhíolacháin an Aontais ag ráta níos géire i gcomparáid leis an tomhaltas (-11 %) le linn na tréimhse céanna. Tháinig laghdú 8,6 pointe céatadáin dá réir sin ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(c) ***Fás***

(167) Idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas an Aontais. Tháinig laghdú 21 % ar an méid díolachán ag tionscal an Aontais, rud a d'fhág gur cailleadh 8,6 pointe céatadáin den sciar den mhargadh.

(d) ***Fostaíocht agus táirgiúlacht***

(168) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Fostaíocht agus táirgiúlacht atá ag na táirgeoirí de chuid an Aontais

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	1 629	1 683	1 767	1 766	1 787
Innéacs (2020=100)	*100*	*103*	*109*	*108*	*110*
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	2 040	2 001	1 839	1 511	1 492
Innéacs (2020=100)	*100*	*98*	*90*	*74*	*73*

Foinse: faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(169) Tháinig laghdú 10 % ar an bhfostaíocht i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(170) Mar gheall ar an laghdú ar an táirgeacht (laghdú 20 %) agus an méadú ar an bhfostaíocht i gcomhthráth leis sin, tháinig laghdú 27 % ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse céanna.

(e) ***Méid an chorrlaigh fóirdheontais agus aisghabháil ó fhóirdheonú a rinneadh roimhe seo***

(171) Mar a tugadh i gcrích in aithris (151), measadh nach raibh díolacháin onnmhairiúcháin ón India chuig an Aontas ionadaíoch don phraghas ná do na cainníochtaí.

(172) Agus faoiseamh faighte ón mbrú a bhain leis na hallmhairí fóirdheonaithe ón India, d'éirigh le tionscal an Aontais dul i ngleic leis na dúshláin a bhain leis an laghdú ar an éileamh agus leis an gcostas ard táirgthe. Mar sin féin, tá an tionscal fós tionscal leochaileach, mar is léir ó leibhéil an-íseal na mbrabús agus leibhéal íseal an éilimh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha* ([54])

(a) ***Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna***

(173) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Meánphraghsanna díola san Aontas agus costas aonaid

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/tona)	[650 – 780]	[950 – 1 140]	[1 250 – 1 500]	[900 – 1 080]	[900 – 1 080]
Innéacs (2020=100)	*100*	*133*	*200*	*151*	*147*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[700 – 840]	[850 – 1 020]	[1 250 – 1 500]	[1 050 – 1 250]	[1 000 – 1 200]
Innéacs (2020=100)	*100*	*128*	*187*	*159*	*151*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(174) Léirítear sa tábla thuas an éabhlóid a bhain don phraghas díola aonaid díreach ón monarcha ar mhargadh an Aontais i gcomparáid leis an gcostas táirgthe comhfhreagrach. I gcoitinne, lean an éabhlóid a bhain don chostas táirgthe an treocht chéanna leis na praghsanna díola.

(175) Tháinig méadú 100 % ar mheánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas ó 2020 go 2022, agus ansin tháinig laghdú air i dtreo dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus tháinig méadú 47 % ar an iomlán air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é soláthar gann TPE is mó ba chúis leis an méadú mór ar phraghsanna in 2022, agus toisc gur éirigh le hiarrachtaí an méadú ar phraghsanna amhábhar le linn na bliana sin a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.

(176) Tháinig oiread comhchosúil de mhéadú ar mheánchostas an táirgthe i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus a tháinig ar na praghsanna díola (méadú 51 %). Ba é an phríomhthoisc a raibh tionchar aici ar an méadú ar chostas aonaid an táirgthe an méadú ar an bpraghas amhábhar ([55]) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

([54]) Ós rud é nach bhfuil ach dhá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais ann, soláthraítear na sonraí ábhartha sa roinn seo i raonta.

([55]) Cinntear thart ar 90 % de phraghas TPE de réir phraghsanna an phríomh-amhábhair, i.e. aigéad teireatalach íonaithe, agus bíonn praghas an aigéid teireatalaigh íonaithe luaineach de réir phraghsanna na hamhola. Tá ardluaineacht i bpraghsanna TPE mar thoradh air sin.

(b) ***Costais saothair***

(177) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar na meánchostais saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/fostaí)	[25 000 – 30 000]	[25 000 – 30 000]	[30 000 – 36 000]	[30 000 – 36 000]	[35 000 – 42 000]
Innéacs (2020=100)	*100*	*104*	*118*	*126*	*135*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(178) Tháinig méadú 35 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(c) ***Stoic dheiridh***

(179) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar na leibhéil stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Stoic dheiridh

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	[30 000 – 36 000]	[35 000 – 42 000]	[70 000 – 84 000]	[35 000 – 42 000]	[20 000 – 24 000]
Innéacs (2020=100)	*100*	*136*	*231*	*132*	*68*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	5 % -7 %	5 % -8 %	10 % -13 %	5 % -8 %	2 % -5 %

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(180) Tháinig laghdú 32 % ar leibhéal na stoc deiridh a bhí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba thart ar 3 % dá tháirgeacht iad leibhéil na stoc.

(d) ***Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú***

(181) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar an sreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[1 % -4 %]	[3 % -6 %]	[3 % -7 %]	[0 % -3 %]	[1 % -3 %]
Innéacs (2020=100)	*100*	*249*	*165*	*21*	*125*

	2020	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Sreabhadh airgid (EUR)	[42 000 000 – 50 000 000]	[48 000 000 – 58 000 000]	[55 000 000 – 65 000 000]	[58 000 000 – 70 000 000]	[48 000 000 – 60 000 000]
Innéacs (2020=100)	*100*	*115*	*131*	*141*	*116*
Infheistíochtaí (EUR)	[4 300 000 – 5 200 000]	[4 700 000 – 5 700 000]	[10 000 000 – 13 000 000]	[8 000 000 – 11 000 000]	[8 000 000 – 11 000 000]
Innéacs (2020=100)	*100*	*108*	*253*	*206*	*187*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[5 % -20 %]	[25 % -40 %]	[45 % -60 %]	[- 10 % -0 %]	[5 % -20 %]
Innéacs (2020=100)	*100*	*275*	*393*	*- 28*	*73*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(182) Shuigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí brabúsacht thionscal an Aontais dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur beag nár thit na figiúirí anuas go pointe meá ar mheá in 2023 (tar éis an dochair a rinne na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne dóibh), i ndiaidh an mhéadaithe ar bhrabúis in 2021 agus 2022. In aon chás, d'fhan an bhrabúsacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i bhfad faoi bhun spriocbhrabús 7 % a suíodh le linn imscrúdú an athbhreithnithe bunaidh ([56]).

(183) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an glansreabhadh airgid ag dul i méid ó thús na tréimhse faoi bhreathnú go dtí 2023 agus ag dul i laghad ansin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, léirítear gur tháinig méadú 16 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(184) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, thosaigh sreabhadh bliantúil na n-infheistíochtaí a bhí á ndéanamh ag tionscal an Aontais sa táirge faoi athbhreithniú ag dul i méid in 2022 go príomha, tar éis an mhéadaithe ar leibhéil bhrabúsachta in 2021. Shroich infheistíochtaí thart ar EUR 10-12 mhilliún sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú, agus bhain na hinfheistíochtaí le cothabháil, agus le méadú ar acmhainneacht, éifeachtúlacht agus comhlíontacht comhshaoil na ngléasraí táirgthe.

(185) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig feabhas ar an toradh ar infheistíocht ó tháirgeadh agus ó dhíol an táirge chomhchosúil idir 2020-2022, agus thit an toradh sin go mór in 2023 go dtí gur sroicheadh [5 % - 20 %] ar deireadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.4.4. *Conclúid maidir le staid thionscal an Aontais*

(186) Léirigh an t-imscrúdú gur tháinig meath beag ar staid an tionscail ar an macraileibhéal le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus gur mhó an laghdú ar an táirgeacht agus ar dhíolacháin (-20 % agus -21 % faoi seach) ná an laghdú a tháinig ar an tomhaltas (-11 %). Thairis sin, tháinig laghdú 9 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, ach choinnigh an tionscal 70 % de mhargadh an Aontais fós le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(187) Bhí staid an tionscail ar mhicrileibhéal sách dearfach, cé go raibh sé leochaileach fós. Bhí an sreabhadh airgid agus an bhrabúsacht dearfach (cé go raibh siad i bhfad ón spriocbhrabús) le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach tháinig laghdú ar na stoic dheiridh le linn na tréimhse céanna (i ndearbhluachanna agus mar chéatadán den táirgeacht araon). In aon chuma, ní féidir leis na luaineachtaí ó thaobh an éilimh de aon chinnteacht a thabhairt go dtiocfaidh méadú ar an táirgeadh agus ar dhíolacháin ar mhargadh an Aontais.

([56]) Suíodh spriocbhrabús 7 % san imscrúdú bunaidh, féach aithris (349), IO L 199, 5.8.2000, lch. 44.

(188) Agus na forbairtí thuas á gcur san áireamh, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid, cé nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe de réir bhrí Airteagal 8 den bhun-Rialachán, go bhfuil staid an tionscail an-leochaileach. Mheabhraigh an Coimisiún go meastar gur tráchtearra é TPE agus go bhfuil an margadh an-íogair ó thaobh praghais de. Ar an gcúis sin, ní féidir le tionscal an Aontais a phraghsanna a ardú gan bheith i mbaol go gcaillfear an méid díolachán is gá chun costais sheasta in aghaidh an tona a choimeád ar leibhéal íseal atá níos iomaíche.

(189) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún scrúdú breise ar an dóchúlacht go ndéanfar an díobháil an athuair, arbh iad allmhairí fóirdheonaithe ón India ba chúis léi ar dtús, dá n-aisghairfí bearta.

4.5. **An dóchúlacht go ndéanfar an díobháil an athuair**

4.5.1. *Réamhbharúil*

(190) Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (188) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, ar cé acu a bheadh dóchúlacht ann nó nach mbeadh go ndéanfaí an athuair an díobháil arbh iad na hallmhairí fóirdheonaithe ón India ba chúis léi ar dtús dá ligfí do na bearta dul i léig. Maidir leis sin, leis sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar an méid seo a leanas: (a) tarraingteacht mhargadh an Aontais, (b) acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise san India, (c) leibhéil na bpraghsanna is dócha a bheadh i gceist le hallmhairí ón India in éagmais bearta frithchúitimh, agus (d) bearta sriantacha trádála a bheith ann i dtríú tíortha eile ar onnmhairí TPE ón India.

(a) ***Tarraingteacht mhargadh an Aontais***

(191) Rud atá comhsheasmhach leis na torthaí san athbhreithniú éaga roimhe seo (féach aithrisí (177)-(178) den athbhreithniú éaga deireanach), is ea go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach i dtéarmaí a mhéide agus a phraghsanna (féach aithris (195)). Deimhnítear tarraingteacht mhargadh an Aontais freisin le leibhéil arda chomhsheasmhacha na n-allmhairí TPE ón India le linn na tréimhse faoi bhreathnú (go dtí 2023, tráth a cuireadh ar fionraí an próiseas lenar caitheadh leis na allmhairí faoin gCóras Ginearálaithe um Fhabhair), d'ainneoin na mbeart frithchúitimh a bheith i bhfeidhm.

(b) ***An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise atá ar fáil san India***

(192) Suíodh leis an imscrúdú gur tháinig fás suntasach, 17 %, san India ar a hacmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sa mhéid gur sroicheadh thart ar [2 000 – 2 700] míle tona ag deireadh 2023, cé nár shroich an t-éileamh ar TPE san India ach thart ar [1 200 – 1 500] míle tona sa bhliain chéanna ([57]). Tá coinne leis go ndéanfaidh tionscal na hIndia méadú eile ar a acmhainneacht, agus is méadú 41 % a bheidh i gceist leis sin de réir na réamh-mheastachán don tréimhse 2024-2027 ([58]). I bhfianaise go bhfuil bearna thart ar [800-1 200] míle tona idir an tomhaltas intíre agus an acmhainneacht táirgeachta atá ar fáil i gcás onnmhairí in 2023, ní mór a mheas gur mór an ró-acmhainn sin atá ar fáil i gcás onnmhairí toisc gurb é sin thart ar 25 % den tomhaltas atá san Aontas faoi láthair le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(c) ***Leibhéil na bpraghsanna is dócha a bheidh ar allmhairí ón India in éagmais bearta frithchúitimh***

(193) I bhfianaise na n-allmhairí diomaibhseacha ón India le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, suíodh an praghas onnmhairiúcháin is dócha a bheadh ann ar bhonn onnmhairí TPE ón India chuig na trí mhargadh onnmhairiúcháin is mó le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Iosrael agus an tSeapáin) ([59]).

(194) Rinneadh comparáid ina dhiaidh sin idir praghsanna an táirge chomhchosúil arna tháirgeadh agus arna dhíol ag tionscal an Aontais agus meánphraghsanna ualaithe TPE a tháirgtear san India agus a díoladh le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha, le hIosrael agus leis an tSeapáin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, arna gcoigeartú chuig leibhéal hipitéiseach Costais, Árachais agus Last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais (gan na dleachtanna custaim).

([57]) Foinse: Wood Mackenzie Ltd.
([58]) Foinse: Wood Mackenzie Ltd.
([59]) Foinse: https://connect.ihsmarkit.com/gta/home.

(195) Léirigh an chomparáid praghsanna go raibh praghsanna na hIndia [8-12] % ní b'ísle ná praghsanna díola an Aontais.

(196) Is léiriú é sin ar leibhéal phraghsanna na n-allmhairí ón India is dócha a bheadh ann dá n-aisghairfí na bearta san Aontas.

(197) Is cosúil go raibh éifeacht athchomhairleach ann mar gheall ar na bearta a forchuireadh, in éineacht leis an gCóras Ginearálaithe um Fhabhair a bheith ar fionraí san India i gcás allmhairí TPE, ar onnmhaireoirí de chuid na hIndia sa mhéid gur staonadh ó shreabhadh TPE de chuid na hIndia i margadh an Aontais ina méideanna móra agus ar phraghsanna ísle. Dá thoradh sin, ní thagann ach méideanna neamhshuntasacha allmhairí ón India isteach san Aontas. Mar sin féin, dá gcuirfí deireadh leis na bearta atá ann faoi láthair, is ridhócha go sroichfidh allmhairí ón India na leibhéil a bhí ann roimh 2023, nuair a bhí an ráta lena ndeachaigh na hallmhairí i bhfód ar an margadh sách ard (sciar thart ar 3 % den mhargadh acu), d'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm.

(198) Ar an mbonn sin, is dócha go mbeidh tionscal an Aontais neamhchosanta ar mhéideanna substaintiúla allmhairí ón India ar phraghsanna fóirdheonaithe faoi bhun mheánphraghsanna thionscal an Aontais, rud a dhéanfadh dochar dá staid eacnamaíoch. Dá thoradh sin, is dócha go ndéanfar an díobháil ábhartha an athuair dá rachadh na bearta in aghaidh na hIndia i léig.

(d) ***Bearta sriantacha trádála a bheith ann i dtríú tíortha eile ar onnmhairí TPE ón India***

(199) Is léiriú é bearta cosanta trádála a bheith ann i dtríú tíortha freisin gur dócha go mbeadh macasamhail na hiompraíochta praghsála a bhaineann le honnmhairí de chuid na hIndia le fáil ar mhargadh an Aontais.

(200) Mar shampla, tá bearta cosanta trádála i bhfeidhm faoi láthair in aghaidh allmhairí de chuid India sa Ríocht Aontaithe, san Afraic Theas agus sna Stáit Aontaithe. Is táscaire eile iad na teorainneacha sna margaí onnmhairiúcháin sin i gcás na hIndia, a léiríonn gur dócha go ndíreofar ar mhargadh an Aontais dá dtabharfaí cead go rachadh na bearta i léig.

4.5.2. *Tionchar ar thionscal an Aontais*

(201) Léiríodh san imscrúdú gur leanadh d'fhóirdheonú na n-allmhairí ón India agus nach bhfuil aon chosúlacht ann go scoirfí den fhóirdheonú amach anseo.

(202) Is féidir a thuar le réasún, mar gheall ar tharraingteacht mhargadh an Aontais, dá n-aisghairfí na bearta, gurb é is dóichí ná a mhalairt go ndéanfaí cuid den acmhainneacht bhreise san India ar a laghad a (ath)threorú chuig margadh an Aontais.

(203) In aithris (198), thángthas ar an gconclúid gur dócha go n-onnmhaireoidh na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón India cainníochtaí móra den táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul i léig agus go ndéanfaí na honnmhairí sin ar phraghsanna fóirdheonaithe.

(204) I dtéarmaí méideanna, is ridhócha go ngnóthóidh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia sciar breise den mhargadh ó thionscal an Aontais, agus is éard a bheadh roimh an tionscal ansin go dtitfeadh a mhéideanna díolacháin láithreach agus go dtiocfadh méadú ar a chostais sheasta in aghaidh an aonaid. Go deimhin, is tionscal atá dian ar chaipiteal é an tionscal TPE, inar gá méid áirithe táirgeachta a choinneáil ar bun chun na costais sheasta a choimeád ar leibhéil réasúnta. Dhéanfadh an méadú ar chostais sheasta, tar éis laghdú ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin, dochar don bhrabúsacht. Dá dheasca sin, dhéanfaí dochar do bhrabúsacht thionscal an Aontais agus dá staid eacnamaíoch fhoriomlán agus dhéanfaí díobháil ábhartha an athuair. I gcomhthráth leis sin, chuirfí bac ar thionscal an Aontais na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh chun cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach.

(205) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur mhór an dóchúlacht go ndéanfar díobháil le hallmhairí ón India an athuair dá n-aisghairfí na bearta.

4.5.3. *Barúlacha na bpáirtithe*

(206) Mar fhreagairt ar an nochtadh cinntitheach, mhaígh Rialtas na hIndia nár dhócha go leanfaí den díobháil do thionscal an Aontais ná go ndéanfaí an athuair í, ós rud é gur tháinig laghdú ar allmhairí TPE ón India go dtí gar do nialas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. De réir Rialtas na hIndia, is dóchúla go mbeidh aon díobháil a bhain do thionscal an Aontais nasctha le hallmhairí ó thríú tíortha, a bhfuil sciar i bhfad níos mó den mhargadh acu. Sa chomhthéacs sin, thagair Rialtas na hIndia do roinnt treochtaí eacnamaíocha, amhail laghdú ar mhéideanna díolacháin an Aontais, méadú ar an gcostas táirgthe agus laghdú ar bhrabúsacht in 2023 agus mhaígh sé gur tosca eile seachas allmhairí ón India ba chúis le héabhlóid sin na dtreochtaí.

(207) Ar an gcéad dul síos, mar a suíodh in aithris (188), níor thángthas ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág nár gá anailís a dhéanamh a thuilleadh ar chúisíocht nó inchurthacht díobhála i leith allmhairí ón India/ó thríú tíortha eile nó i leith tosca eile. Ar an dara dul síos, d'ainneoin leibhéal diomaibhseach na n-allmhairí ón India, mar a leagtar amach in aithris (203) is dócha go n-onnmhaireodh na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón India cainníochtaí móra TPE chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul i léig agus go ndéanfaí na honnmhairí sin ar phraghsanna fóirdheonaithe.

(208) Chuir Rialtas na hIndia in iúl freisin gur tháinig méadú ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur fhan a sciar den mhargadh cobhsaí, gur mhéadaigh a phraghsanna díola agus go raibh brabúsacht thionscal an Aontais dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach go raibh allmhairí ón India ar leibhéil ísle.

(209) Níl aon díospóid ann go raibh cuid de tháscairí eacnamaíocha thionscal an Aontais dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú nó le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach go raibh allmhairí ón India diomaibhseach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ní chuireann sé sin ó bhail, áfach, an chonclúid ar thángthas uirthi gur dócha go ndéanfar an díobháil an athuair, dá ligfí do na bearta dul in éag. Dá bhrí sin, b'éigean diúltú d'argóintí Rialtas na hIndia.

5. LEAS AN AONTAIS

(210) I gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist cé acu a bheadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithchúitimh in aghaidh na hIndia atá i bhfeidhm faoi láthair ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(211) Meabhraítear gur measadh, sna himscrúduithe bunaidh, nach raibh glacadh beart in aghaidh leas an Aontais.

(212) Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar a thuairim a chur in iúl de bhun Airteagal 31(2) den bhun-Rialachán.

(213) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go dtiocfaí ar an gconclúid nach mbeadh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú agus go ndéanfar an díobháil an athuair.

5.1. Leas thionscal an Aontais

(214) Dá leanfaí leis na bearta frithchúitimh ar allmhairí TPE ón India, chuideofaí le tionscal an Aontais leanúint de na hinfheistíochtaí atá ar siúl faoi láthair, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann le méadú a dhéanamh ar an acmhainneacht i gcás TPE athchúrsáilte agus na hinfheistíochtaí atá dírithe ar bhorradh a chur faoi iomaíochas thionscal an Aontais. Dá leanfaí leis na bearta, chuirfí ar chumas thionscal an Aontais freagairt níos fearr don luaineacht ó thaobh an éilimh agus a fheidhmíocht eacnamaíoch a chobhsú, toisc go mbeadh sé ina chuidiú go seachnófaí tionscal an Aontais a bheith neamhchosanta ar mhéideanna substaintiúla d'allmhairí fóirdheonaithe de chuid na hIndia lena ngearrfaí faoi phraghsanna díola thionscal an Aontais.

(215) Dá réir sin, ba é conclúid an Choimisiúin go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais bearta frithchúitimh in aghaidh na hIndia a choinneáil ar bun.

5.2. Leas na n-allmhaireoirí, na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí

(216) Tháinig allmhaireoir amháin chun tosaigh tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh agus le linn an imscrúdaithe, ach níor líon sé an ceistneoir tiomnaithe isteach. Cé nach féidir a chur as an áireamh go raibh tionchar diúltach ar a ngníomhaíocht de dheasca na mbeart frithchúitimh a bheith forchurtha, níl na hallmhaireoirí spleách ar an India agus is féidir leo an táirge faoi athbhreithniú a fhoinsiú ó roinnt mhaith tíortha eile is soláthróirí, amhail Vítneam, an Tuirc agus an Éigipt. Dá réir sin, fiú agus na bearta frithchúitimh i bhfeidhm i gcás na hIndia, níl soláthar TPE san Aontas teoranta agus tá praghsanna margaidh iomaíocha ann. Dá bhrí sin, cosúil leis an gconclúid ar ar thángthas san athbhreithniú éaga roimhe seo, ba é conclúid an Choimisiúin, ó thaobh na n-allmhaireoirí de, nach bhfuil aon chúis láidir ann gan síneadh a chur leis na bearta atá ann cheana.

5.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(217) Níor tháinig aon úsáideoir chun cinn tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh agus le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ní raibh aon chosúlacht ann nach bhfuil na conclúidí ar thángthas orthu bailí a thuilleadh agus go mbeadh tionchar diúltach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na húsáideoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart.

5.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(218) I bhfianaise a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil aon chúis láidir ann ó thaobh leas an Aontais de in aghaidh síneadh a chur leis na bearta frithchúitimh atá ann faoi láthair ar allmhairí ón India.

5.5. **Barúlacha na bpáirtithe**

(219) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Rialtas na hIndia gur amhantrach é an chonclúid go dtacóidh na bearta le hinfheistíochtaí thionscal an Aontais má choinnítear ar bun iad, ós rud é nach raibh aon allmhairí ón India roimh thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus nach léir aon díobháil dó faoi láthair a mbeadh gá le cosaint leanúnach ina aghaidh.

(220) Mar a leanann sé ó Thábla 10 thuas, bhí an méadú ar infheistíochtaí tháirgeoirí an Aontais thart ar dhá oiread i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é go díreach forchur na mbeart agus an laghdú ina dhiaidh sin ar allmhairí ón India a spreag tionscal an Aontais chun borradh a chur faoina n-infheistíochtaí agus is féidir coinne réasúnta a bheith leis go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh, dá gcoinneofaí na bearta slán. Dá bhrí sin, agus contrártha do mhaíomh Rialtas na hIndia, níl an chonclúid ar tháinig an Coimisiún uirthi amhantrach ná ní chuireann sí ó bhail ar bhealach ar bith an chonclúid fhoriomlán ar thángthas uirthi maidir le leas an Aontais.

(221) Chuir Rialtas na hIndia i gcoinne anailís an Choimisiúin ar allmhaireoirí freisin, inar diúltaíodh d'ábhair imní a bhí bunaithe ar thoimhdí gan bhunús maidir le foinsí soláthair malartacha, gan a léiriú gur féidir le hallmhairí ó thríú tíortha TPE Indiach a ionadú go hiomlán i dtéarmaí cáilíochta, costais agus infhaighteachta.

(222) Luadh go bhfuil toradh an Choimisiúin maidir le foinsí soláthair malartacha bunaithe ar fhianaise dhearfach i ndáil le hallmhairí (féach go háirithe Roinn 4.3.3) agus dá bhrí sin ní fíor in aon chor nach bhfuil bunús leis. Thairis sin, theip ar Rialtas na hIndia a léiriú conas a bheadh TPE ón India, a mheastar gur táirge tráchtearraí é, a bheadh éagsúil ó thaobh cáilíochta agus infhaighteachta de i gcomparáid le TPE ó fhoinsí eile agus cén fáth nach bhféadfadh TPE ón India ar phraghas cothrom leanúint de bheith á seoladh chuig an Aontas. Mar thoradh air sin, diúltaíodh d'argóint Rialtas na hIndia.

(223) Ina theannta sin, thug Rialtas na hIndia dá aire nach féidir an easpa rannpháirtíochta úsáideoirí a léirmhíniú mar fhormhuiniú ar na bearta, agus nár cuireadh aon anailís chothrom le dáta ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá á imirt ar úsáideoirí faoi láthair. Ar an iomlán, d'áitigh Rialtas na hIndia nach ann d'aon leas láidir de chuid an Aontais chun údar a thabhairt le síneadh a chur le dleachtanna in éagmais díobháil léirithe nó saobhadh margaidh.

(224) Luadh nár ghlac aon úsáideoir páirt sna himeachtaí athbhreithnithe éaga atá ann faoi láthair, nár cuireadh aon sonraí ábhartha eile a bhfuil tionchar acu ar an úsáideoir ná ar leas foriomlán an Aontais ar fáil don Choimisiún agus nach sainordaítear don Choimisiún sa bhun-Rialachán a anailís ar leas úsáideoirí a thabhairt cothrom le dáta sna himthosca sin. Thairis sin, níor sholáthair Rialtas na hIndia ina fhreagra ar an nochtadh cinntitheach aon fhianaise shubstainteach a léiríonn go mbeadh sé in aghaidh leas na n-úsáideoirí agus leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta ar bun. Dá bhrí sin, bhí an ceart ag an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go raibh na torthaí a fuarthas in imscrúduithe roimhe seo fós bailí agus diúltaíodh do mhaímh Rialtas na hIndia dá réir sin.

6. **BEARTA FRITHCHÚITIMH**

(225) Ar bhonn na gconclúidí ón gCoimisiún maidir le leanúint den fhóirdheonú, maidir leis an díobháil á déanamh an athuair agus ó thaobh leas an Aontais de, ba cheart na bearta frithchúitimh ar allmhairí TPE ón India a choinneáil ar bun.

(226) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí frithchúitimh, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair agus díolúintí a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna aonair ná díolúintí infheidhme ach amháin nuair a thaispeántar sonrasc tráchtála bailí d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí eile uile' san India.

(227) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithchúitimh aonair agus na díolúintí a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta nó na díolúine ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(228) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí frithchúitimh aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 23 den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(229) Maidir leis na dleachtrátaí frithchúitimh le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is infheidhme go heisiach iad maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hIndia arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí aonair.

(230) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithchúitimh i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([60]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéanann an t-athrú difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(231) Ba cheart Futura Polyesters Ltd a eisiamh ó na bearta sin ós rud é nár suíodh aon fhóirdheontas i gcás an onnmhaireora sin san imscrúdú roimhe.

(232) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe go molfaí na bearta atá ann faoi láthair a choinneáil. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin.

(233) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([61]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é ba cheart a bheith san ús atá le híoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna fhoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(234) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

([60]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi 170, 1040 Brussels, an Bheilg.

([61]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine ag a bhfuil uimhir slaodachta 78 ml/g nó níos airde, a thagann faoi chód AC 3907 61 00 faoi láthair agus ar de thionscnamh na hIndia iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta chinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna monarú ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithchúitimh (%)	Cód breise TARIC
An India	Futura Polyesters Ltd	0	A184
An India	IVL Dhunseri Petrochem Industries Private Limited	2,3	C380
An India	Pearl Engineering Polymers Ltd	13,8	A182
An India	Reliance Industries Limited	4,0	A181
An India	Senpet Ltd	4,43	A183
An India	Gach cuideachta eile	13,8	A999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é san India. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN